

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

20

25

SOLAS

An tSeirbhís Oideachais
Leanúnaigh agus Scileanna
Further Education and
Training Authority



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Arna chomhchistiú ag
an Aontas Eorpach

Co-Funded by the
European Union

Is mian leis an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) i gcomhréir le Roinn 32(1) den Acht um Breisoideachas agus Oiliúna, 2013 a Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a chur faoi bhráid an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta don tréimhse 12 mhí ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

Foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo sa dá theanga oifigiúla go comhuaineach. Tá SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna (FET), freagrach as cláir FET a mhaoiniú, a phleanáil agus a chomhordú . Tá gach clár á maoiniú nó á gcómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann. Tá cláir áirithe á gcómhaoiniú ag an Aontas Eorpach.

Clár Ábhair

Réamhrá ó Chathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) SOLAS	4
Maidir le SOLAS	6
Tionchar SOLAS in 2025	7
Cuid 01: Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Comhoibriú	9
Cuid 02: Claochlú agus Príomhthionscnaimh a Sheachadadh	16
Cuid 03: Feidhmíocht agus Nuálaíocht	20
Cuid 04: Ceannairí san Earnáil Phoiblí	24
Cuid 05: Rialachas Corparáideach	29
Cuid 06: Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltai an Bhoird	35
Cuid 07: Ráitis Airgeadais	51
Cuid 08: Eolas Breise	78
Cuid 09: Aguisíní	84

Réamhrá ó Chathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) SOLAS

Is mian liom an dara Tuarascáil Bhliantúil déag de chuid SOLAS, a chumhdaíonn an tréimhse 1 Eanáir 2025 go dtí 31 Nollaig 2025 a chur isteach.

I gcás SOLAS agus ár gcomhpháirtithe sa Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO), ba bhliain athraithe í 2025 ar fud earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna (FET), a raibh tionchar aige ar 224,000 duine aonair in Éirinn a ghlac páirt i gclár FET i rith na bliana.

An tSamhail Mhaoinithe FET nua a leabú

Le linn na Straitéise FET roimhe seo, chuaigh SOLAS i gcomhpháirtíocht le soláthraithe FET chun struchtúir láidre a bhunú, chun cumais a fhorbairt, agus chun cur chuige níos straitéisí a ghlacadh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna reatha agus iad atá ag teacht chun cinn. In 2025, leagadh béim ar leith ar an tsamhail mhaoinithe nua a chur chun cinn chun creat níos trédhearcaí, níos comhsheasmhaí agus atá dírithe ar thorthaí a chruthú do mhaoiniú ar fud na hearnála.

I rith 2025, cheap SOLAS plan gníomhaíochta cuimsitheach a raibh sé mar aidhm leis athchóiriú maoinithe a bhrostú agus straitéis maoinithe aontaithe ar fud na hearnála a chothú. Áiríodh leis an tionscnamh seo comhoibriú foirmiúil le BOOnna agus cur i bhfeidhm ceanglais tuairiscithe nuashonraithe laistigh de phleananna seirbhíse BOO, chun cuntasacht agus soiléireacht níos fearr a áirithiú i soláthar FET.

Athchóiriú Printíseachta – Ag Tiomáint Athraithe

Tar éis cheadú an phlean chun freagracht as Forbairt Curaclaim, Measúnú agus Dámhachtainí Printíseachtaí Ceardaíochta a aistriú chuig soláthraithe, chomhoibrigh SOLAS go dlúth le hoifigigh ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), ón Údarás Ardoideachais (HEA), agus ó Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Le chéile, d'fhorbraíomar plan cur chun feidhme mionsonraithe ina leagtar amach spriocanna soiléire agus garspriocanna tábhachtacha chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras printíseachta.

Ina theannta sin, lean SOLAS le rolladh amach an Phlean Feabhsaithe Cáilíochta a comhaontaíodh leis an QQI, tar éis a n-athbhreithniú dírithe ar phrintíseachtaí leictreachais. Leagann an obair seo béim ar ár dtiomantas leanúnach in 2025 chun caighdeán cáilíochta a chothabháil agus a fheabhsú ar fud clár printíseachta.

Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, seoladh ardán sonraí printíseachta nua chun feabhas suntasach a chur ar chumais tuairiscithe maidir le clárúcháin nua agus maidir le daonra foriomlán na bprintíseachtaí. Is suntasach an rud é, in 2025, go raibh 9,461 clárúchán printíseach nua ann, rud a léiríonn fás láidir na hearnála.

Forbairt Straitéise FET nua 2026 - 2030

I rith 2025, rinne SOLAS próiseas comhairliúcháin fairsing le páirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na Straitéise FET nua do 2026–2030. Chuir breis is 800 foghlaiméoir agus páirtí leasmhar a dtuairimí ar thosaíochtaí in iúl go gníomhach, rud a d'fhág go bhfuarthas raon leathan guthanna agus eispéireas. Sheol an tAire James Lawless TD agus an tAire Marian Harkin TD an straitéis a lean as sin i mí na Bealtaine 2026 agus beidh an straitéis ina bunchloch maidir le treo na hearnála a leagan síos sna blianta amach romhainn.

Críochnú Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil DFHERIS ar SOLAS

Bhí áthas orainn tús a chur leis an Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar SOLAS in 2025, rud a thug deis luachmhar don Bhord agus don Fheidhmeannas rannchuidiú go gníomhach leis an bpróiseas. Ós rud é go bhfuil sé beartaithe an tuarascáil a fhoilsiú in 2026, táimid fonnmhar a mholtaí a chur i bhfeidhm agus feabhsuithe bríocha a spreagadh ar fud na heagraíochta.

Infheistíocht i mBonneagar Caipitil FET

Bhí leibhéil shuntasacha infheistíochta caipitil in FET arís in 2025 agus €83.7m infheistithe, 126 tionscadal caipitil curtha chun cinn agus cúig thionscadal suaitheanta de chuid Choláistí FET bogtha ar aghaidh chuig céim an cheadaithe i bprionsabal freisin. Beidh na coláistí nua seo ina n-eiseamláirí foghlama agus fiontraíochta ina bpobail, rud a spreagfaidh foghlaim

ar feadh an tsaoil agus athrú chun feabhais ar an lucht oibre agus a sholáthróidh an uasoiliúint agus athoiliúint sholúbtha a theastóidh uainn go léir chun freagairt don domhan seo atá ag athrú go gasta.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'imigh Catrina Sheridan ón mBord tar éis dá dara téarma oifige a bheith thart agus d'imigh Andrew Brownlee ón mBord freisin mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) ag imeacht as oifig. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Catrina Sheridan agus Andrew Brownlee as a gcuid oibre agus tacaíochta.

Thar ceann an Bhoird, chuireamar fáilte roimh cheapachán Nessa White mar POF eatramhach ar SOLAS, ag teacht i gcomharbacht ar an POF atá ag imeacht as oifig, Andrew Brownlee. Bhí áthas ar SOLAS ceapachán a POF nua, Deirdre McDonnell, a fhógairt ar an 1 Aibreán 2026. Tugann Deirdre réimse leathan taithí chuig an ról, agus cuirimid fáilte chroíúil roimpi agus táimid ag tnúth leis an gceannaireacht a thabharfaidh sí chuig SOLAS.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire James Lawless TD and leis an Aire Stáit, Marian Harkin TD ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) agus leis na hoifigigh ó DFHERIS as a dtuiscint, a dtreoir agus a dtacaíocht.

Thar ceann an Bhoird agus thar ceann foirne SOLAS, táimid ag tnúth le leanúint le hoibriú le chéile chun an móiminteam a choinneáil ar bun, tionchar FET a mhéadú tuilleadh agus an straitéis do FET in Éirinn thar na cúig bliana atá amach romhainn a mhúnlú.



Seán Aylward
Cathaoirleach, SOLAS
Dáta: 20 Bealtaine 2026



Deirdre McDonnell
POF, SOLAS
Dáta: 20 Bealtaine 2026

Maidir le SOLAS

Is é SOLAS an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as Breisoideachas agus Oiliúint (FET) in Éirinn. Spreagaimid freagrúlacht, nuálaíocht, claochlú, inbhuanaitheacht agus rathúlacht na gcóras FET agus printíseachta. Déanaimid an méid sin trí straitéis a leagan síos, infheistíocht a threorú, cur i bhfeidhm a threorú, agus cuntasacht a áirithiú ar fud na soláthraithe FET, le fócas sáraitheach ar riachtanais a gcuid foghlaimoirí agus printiseach.

- **Ár bhFís:** cumas daoine aonair, pobal agus fiontair a chumhachtú trí fhoghlaím ar feadh an tsaoil agus tríd an lucht saothair a chlaochlú.
- **Ár nUaillmhian:** agus duine as gach deichniúr daoine fásta anois faoi thionchar ar bhealach éigin ag foghlaim atá tacaíthe ag SOLAS, is é ár n-uaillmhian an fás seo a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí a neartú ar fud na hearnála FET chun córas FET solúbtha agus freagrúil a áirithiú. Ceann atá dea-fheistithe chun freastal ar riachtanais shíorathraitheacha foghlaimoirí, gnólachtaí, pobal agus na sochaí níos leithne in Éirinn.

> Maoiniú FET in 2025

Ceann de phríomhfheidhmeanna SOLAS is ea tacú leis na próisis phleanála, mhaoinithe agus dhearbhaíthe don earnáil FET. Áirítear leis seo an próiseas bliantúil um larratais agus Tuairisciú ar Leithdháiltí Maoinithe (FARR) a éascaíonn do sholáthraithe FET sonraí cáilíochtúla, cainníochtúla agus airgeadais a chur isteach chun tacú lena n-iarratais ar mhaoiniú.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais SOLAS 2025

Sa bhliain 2025, deontais neamh-Chaipitil a íocadh amach le Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) arb ionann iad agus €1,067.277m agus Deontais Chaipitil arb ionann iad agus €83.7m.

- Rinneadh €20.741m a íocadh amach le soláthraithe FET eile
- €819k do dheontais chiste Nuálaíochta agus Comhoibrithe de chuid Litearthacht d'Aosaigh don Saol
- €5.091m faoin Deontas Printíseachta Fostóirí
- €252k faoin Deontas Sparánachta na hOifige Náisiúnta Printíseachta.


Lean an fhoireann airgeadais le seirbhísí airgeadais, bainistíochta cuntaisíochta agus soláthair a sholáthar go pras do SOLAS de réir reachtaíochta agus dea-chleachtais. Tá SOLAS ainmnithe mar Chomhlacht Idirmheánach do chlár oirbriochta Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF+). Soláthraíonn ESF+ comhchistiú do réimse de chlár FET, amhail gníomhaíochtaí do Litearthacht d'Aosaigh, Oiliúint Sainscileanna, Nascadh, Socrúchán Oibre agus Ógtheagmháil.

Tá cómhaoiniú ESF+ ag cur go mór leis na cláir FET in Éirinn atá luaite thuas. Tá €26.5m ar an meán in aghaidh na bliana ar fáil le linn an Chláir seacht mbliana um Fhostaíocht, Ionchuimsiú, Scileanna agus Oiliúint (EIST) a ritheann ón mbliain 2021 go 2027. Tuairiscítear soláthar FET an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) go príomha tríd an gCóras Tacaíochta Foghlaimoirí Cláir (PLSS), an Córas Seirbhísí

Cliaint Printíseachta (ACSS) agus an córas FARR. Léiríonn an tábla thíos an fás i ngníomhaíocht FET a thuairiscigh na BOOnna trí na sásraí seo don tréimhse 2018-2024.

Treochtaí Rollaithe Croí-sholáthair FET

Sonraí rollaithe ó Chóras Foghlaimora FET PLSS



Tionchar SOLAS in 2025

224,000

foghlaimoir uathúil ag déanamh cúrsaí FET.



38,000

foghlaimoir Ríomhcholáiste ar fud go clár.



86,677

foghlaimoir ag fáil tacaíochta ó Sheirbhísí Litearthachta d'Aosaigh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO).



Uasoileadh
25,000+

fostaí trí Scileanna le Dul ar Aghaidh.



9,461

clárúchán printiseach ar fud 78 clár printiseachta.



30,000+

foghlaimoir cláraithe ar chúrsaí ESOL.

144,000

cárta eisithe ar fud ár gclár oiliúna tógála Pas Sábháilte, Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta (CSCS), agus an Scéim Deimhnithe um Scileanna Cairéil (QSCS).



Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Comhoibriú

01

Cuid 01: Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Comhoibriú

Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus comhoibriú ríthábhachtach i dtaca leis an gcaoi a gcuireann SOLAS ár bplean oibre uailmhianach i gcrích. In 2025, lean SOLAS de dhul i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe seachadta Breisoideachais agus Oiliúna (FET) chun rannpháirtíocht agus comhar a chothú. Chuir sé seo ar ár gcumas bonn eolais a chur faoi bheartas agus tionchar a imirt air, tacú le córais FET agus printíseachta atá éifeachtach agus freagrúil, agus a áirithiú thar aon rud eile go bhfanann riachtanais na bhfoghlaimoirí i gcroílár a ndéanaimid.

Leanamar de bheith ag obair go dlúth lenár máthair-Roinn, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), agus ar fud ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile, agus réitigh ar dhúshláin scileanna a bhaineann le beartas náisiúnta i réimsí amhail tithíocht, claochlú digiteach, agus gníomhú ar son na haeráide á soláthar.

> Díriú ar Fhiontar

Príomhfhócas d'obair SOLAS in 2025 ná na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) a shuíomh mar sprioc-acmhainn áitiúil do fhiontair, agus tacú le BOOnna chun samhail seachadta nua a chur i bhfeidhm chun an raon seirbhísí fiontar atá ar fáil trí FET a thabhairt le chéile - rud a chuirfidh le héiceachóras scileanna níos comhtháite.

Is forbairt nua spreagúil í an cur chuige nua comhtháite FET do Fhiontair (ar a dtugtar Enterprise Connect anois) agus cuirfidh sé tairiscint FET níos trédhearcaí, níos solúbtha, níos comhtháite agus níos gairmiúla ar fáil do fhiontair agus fócas ar leith ar thacaíocht a thabhairt do FBManna ar fud na hÉireann.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Baineadh leas as comhpháirtíochtaí idir printisigh agus fostóirí chun naisc a neartú le rannpháirtíocht leanúnach uasoiliúna. B'ionann líon na bhfostóirí printiseach ag deireadh 2025 agus 10,361.
- Luasghéaraíodh leathnú thionscnamh Scileanna le Dul Ar Aghaidh SOLAS trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha le gníomhaireachtaí tacaíochta fiontraíochta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon.
- Cur i bhfeidhm chomhpháirtíocht straitéiseach SOLAS–Fiontraíocht Éireann (FÉ), rud a chuireann ar chumas BOOnna teacht a leathnú chuig FBManna agus cabhrú le cumais cheannaireachta agus bhainistíochta a fhorbairt laistigh d'eagraíochtaí chun tacú le marthanacht agus fás gnó.
- Bhain Scileanna le Dul Ar Aghaidh breis is 25,000 tosaitheoir amach faoi mhí na Nollag 2025.
- Faoi Scileanna le Dul Ar Aghaidh, rinneadh 37 micreacháilíocht FET a chomhdearadh le páirtithe leasmhara tionscail agus rinneadh iad a bhailíochtú in IS, digiteach, inbhuanaitheacht, róbataic, teicneolaíochtaí tumtha, gnó agus nuálaíocht.

- Sheol Scileanna le Dul Ar Aghaidh tairiscint nua micreacháilíochta FET i ndáil le hintleacht shaorga (IS) ina bhfuil ceithre chúrsa ar thuiscint agus ar úsáid intleachta saorga giniúna, agus ar bhreithnithe inbhuanaitheachta na hintleachta saorga.
- Críochnaíodh céim chomhairliúcháin Enterprise Connect, agus tá céim phíolótach le tosú le sé BOO. Forbraíodh samhail aibíochta freisin chun tacú leis na pleananna gníomhaíochta trí bliana.
- Rinneadh uasghrádú rathúil ar Moodle, an córas bainistithe foghlama, go leagan nuashonraithe do 120 suíomh BOO in 2025, rud a chinntigh go mbeidh na suíomhanna cothrom le dáta agus slán do na trí bliana ina dhiaidh sin. Ag an am céanna, críochnaíodh caighdeán chomhroinnte nua do FET, ina leagtar amach ionchais earnálacha maidir le bonneagar digiteach, forbairt foirne, tacaíocht d'fhoghlaimoirí, agus rialachas, chun tacú le foghlaim dhigiteach a leabú i soláthar príomhshrutha.



Tá Innealtóireacht McAree, cuideachta cliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann, tar éis a gcuid fostaithe a chlárú i roinnt clár Scileanna le Dul Ar Aghaidh thar na blianta, lena n-áirítear modúil cheannaireachta agus bhainistíochta. Agus iad ag caint faoina n-aistear uasoiliúna le BOO an Chabháin agus Mhuineacháin, dúirt Claire McAree, Príomhoifigeach Airgeadais ag Innealtóireacht McAree:


“Is sinn an tríú glúin agus táimid 80 bliain i mbun gnó. Cuid den rath sin ná uasoiliúint a chur ar ár bhfoirne trí chúrsaí forbartha gairmiúla Scileanna chun Dul Ar Aghaidh. Is iad na buntáistí a bhaineann le hoiliúint a dhéanamh le BOO áitiúil ná go bhfuil aithne acu ar ár ngnó, go ndéanann siad na cúrsaí a oiriúnú duit, agus ar chostas an-réasúnta atá an-tairbheach do ghnólachtaí.”

> Múnla Comhtháthaithe le haghaidh Printíseachta/Athchóirithe Printíseachta

Le linn 2025, cuireadh dréachtphlean cur chun feidhme le haghaidh córas printíseachta comhtháite aonair féideartha faoi bhráid an Aire Lawless lena bhreithniú. Mar sin féin, i mí Dheireadh Fómhair d'iarr an tAire go dtabharfaí tús áite do fhreagrachtaí áirithe as na 25 printíseacht cheardaíochta a aistriú chuig na BOOnna agus chuig na hinstiúidí ardoideachais a luaithe is féidir. Chuir SOLAS plean aistrithe printíseachta ceardaíochta ardleibhéil faoi bhráid an Aire lena cheadú.

Ina theannta sin, chuir SOLAS le forbairt den chéad Phlean Gníomhaíochta eile do Phrintíseachtaí 2026-2030, lena n-áirítear athbhreithniú ar mhaoiniú printíseachta agus ar thionchar eacnamaíoch chun bonn eolais a chur faoin treoir. Leanamar orainn freisin d'fhás an chórais printíseachta chun cur le spriocanna an rialtais, go háirithe maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Tithíocht do Chách.

> Príomhfhigiúirí Printíseachta do 2025



Forléargas amhail an 31 Nollaig 2025

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Cuireadh plean deiridh um Chomhtháthú Printíseachta faoi bhráid an Rialtais lena bhreithniú.
- Rinneadh dul chun cinn leis an rannpháirtíocht leis an OECD chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Phlean Gníomhaíochta don tréimhse 2026–2030.
- Seoladh printíseachta nua Teicneolaí Cuntasaíochta (Leibhéal 8).
- Ullmhaíodh costais phrintíseachta don Rialtas.
- Cuireadh plean aistrithe curaclaim agus measúnachta an chláir cheardaíochta faoi bhráid an Rialtais agus ceadaíodh é chun dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phleanáil.
- Tionóladh trí chruinniú de Líonra Comhpháirtithe Printíseachta Glúine.
- Bunaíodh an grúpa tascfhórsa Printíseachta Ceardaíochta le Cathaoirleach seachtrach. Tháinig deireadh lena chlár oibre i mí na Samhna 2025.
- Bhí a chéad chruinniú ag fochoiste Bhord SOLAS i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus tá cruinniú leantach sceidealaithe do mhí Eanáir 2026.



Is printíseach leictreach í Emma McCann le Oibríochtaí Microsoft Éireann Teoranta agus bhronn an tAire Harkin Gradam Printíseach na Bliana 2025 uirthi sa chatagóir leictreach. Ag trácht ar a bua, dúirt Emma:

“Molaim go láidir do mhná agus d’fhir araon machnamh a dhéanamh ar an gcosán gairme fiúntach a chuirtear ar fáil le printíseachtaí. Tá sé thar a bheith tábhachtach do mhná go mbíonn mná ag obair i gceirdeanna oilte—tá do pheirspictíocht agus do chumais ag teastáil, agus le do rath féin, is féidir daoine eile a spreagadh chun déanamh amhlaidh.”

➤ Forbairt agus Seachadadh Cúrsaí Agile

Lean SOLAS de bheith ag comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun nuálaíocht a chur chun cinn agus an tairiscint de Bhreisoideachais agus Oiliúint (FET) a leathnú chuig próifil éagsúil lena n-áirítear daoine fostaithe agus cuardaitheoirí poist. I measc na dtionscnamh bhí céimeanna nua Tríú Leibhéal a chomhsheachadhtar; micreacháilíochtaí FET, arna gcomhdhearadh leis an tionscal agus le Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) chun freastal ar riachtanais rithabhachtacha scileanna; raon feabhsaithe roghanna foghlama solúbtha, lena n-áirítear raon éagsúil cúrsaí r-Choláiste; agus forbairt grodchúrsaí teicneolaíochta gearra agus dírithe chun oiliúint, uasoiliúint agus athoiliúint a éascú.

Leanamar le forbairt na gcúrsaí FET san Idirbhliain chun blaiseadh a thabhairt do dhaoine óga de na roghanna gairmoideachais agus teicniúla atá ar fáil dóibh i ndiaidh na hArdteistiméireachta. Áiríodh leis seo cur i bhfeidhm an mhodúil iVET (Oideachas agus Oiliúint Ghairmiúil Tosaigh) a forbraíodh i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ).

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Seoladh tionscadal píolótach ar ghrodchúrsaí teicneolaíochta i gcomhpháirtíocht le Generation Éireann.
- Sheol an Oifig Náisiúnta don Tríú Leibhéal (NTO) thart ar 40 clár céime Tríú Leibhéal don bhliain acadúil 2025/26.
- Faoi dheireadh 2025, bhí 37 micreacháilíocht FET ar fáil i réimsí tosaíochta scileanna amhail scileanna glasa, scileanna gnó digiteacha, feasacht agus cur i bhfeidhm

IS, róbataic agus déantúsaíocht, nuálaíocht ghnó, dobharshaothrú, foghlaim, agus forbairt scileanna, agus tuilleadh.

➤ Tacaíocht a thabhairt do Bhreisoideachas agus Oiliúint Cuimsitheach (FET)

Tá SOLAS paiseanta faoi thacú le cuimsiú in FET agus é a chothú agus baintear é seo amach trí oibriú le comhpháirtithe chun timpeallacht foghlama chuimsitheach a áirithiú do chách. Diríonn obair SOLAS ar thimpeallacht a chruthú ina bhfuil gach foghlaimeoir cumasaithe agus cumhachtaithe chun rochtain a fháil ar na tacaíochtaí a theastaíonn, agus béim bhreise orthu siúd atá leochaileach, faoi mhíchumas, agus ó chúlra míbhuntáiste/atá i mbaol eisiaimh shóisialta.

Sa bhliain 2025, thacaigh SOLAS le glacadh agus leabú Dearaidh Uilíoch (UD)/Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) leis an aidhm leanúint d'eispéiris foghlama rathúla agus chuimsitheacha a fhorbairt do fhoghlaimeoirí de gach leibhéal, cumas agus cúlra. Bhí tiomantas do Chairt ALTITUDE, a thacaíonn le hionchuimsiú agus le héagsúlacht in FET, mar bhonn leis seo.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Ghlac SOLAS go hoifigiúil le Cairt ALTITUDE (le haghaidh Dearadh Uilíoch) mar aon le naoi ETB, Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ), an Líonra Náisiúnta Foghlama (NLN), seacht nInstitiúid Ardoideachais (HEInna), agus coláiste príobháideach.
- I gcomhpháirtíocht le AHEAD, forbraíodh trealamh féinmheasúnaithe maidir le Socruithe Réasúnta do

BOOnna, chomh maith le bunú mhol UDL don earnáil FET.

- D'oibrigh SOLAS le AHEAD agus le Fostóirí don Athrú chun creat um Chuimsiú Leathnaithe Míchumais i bhFostaíocht (WIDE) a fhorbairt, a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2025.
- Chomhoibrigh SOLAS sa tionscnamh tras-rannach a thacaíonn le haistrithe daoine óga faoi mhíchumas trína roghanna iar-scoile, eadhon aistrithe agus seirbhísí treorach i scoileanna speisialta.
- Reáchtáladh imeacht Brunch & Learn do bhaill foirne SOLAS chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas a cheiliúradh, i gcomhpháirtíocht le Siondróm Down Éireann agus Ionad na Tríonóide do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachtúil.
- Áiríodh fócas ar inrochtaineacht le gach infheistíocht chaipitil in FET, i gcomhréir le Cairt ALTITUDE.
 - Ina theannta sin, dáileadh an Deontas Caipitil Díláraithe um Athchóiriú Bonneagair Chriticiúil ar na BOOnna uile chun tacú le saincheisteanna inrochtaineachta a athchóiriú.
- Thacaigh maoiniú SOLAS le raon gníomhaireachtaí chun seirbhísí rithábhachtacha a sholáthar do fhoghlaimoirí faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais tacaíochta breise acu.



Agus í ag trácht ar sheoladh Chiste Comhoibrithe agus Nuálaíochta 2026 ag an Aire Harkin chun tacú le daoine fásta a bhfuil riachtanais litearthachta neamhchomhlíonta acu, dúirt Yvonne McKenna, Stiúrthóir Oifig an Chláir LAS ag SOLAS:

“Tá tionscnaimh amhail Ciste Comhoibrithe agus Nuálaíochta LAS ag imirt ról rithábhachtach maidir lena áirithiú go bhfuil an litearthacht ag gach duine fásta in Éirinn chun freastal ar a gcuid riachtanas.” Tá fíorthionchar aige maidir le tacú le sochaí atá níos feasaí ar an litearthacht agus atá níos cairdiúla don litearthacht.”

➤ An Straitéis Litearthacht d'Aosaigh don Saol a chur i bhfeidhm

Tá SOLAS freagrach as straitéis Litearthacht d'Aosaigh don Saol (LAS) na hÉireann a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an bplean náisiúnta 10 mbliana seo a áirithiú go bhfuil na scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha atá riachtanach chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí ag gach duine fásta. Ó sheoladh na straitéise in 2021, tá struchtúir nua bunaithe againn le fócas ar ghníomhaíocht a mhaoiniú ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach chun tacú le cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí chun an straitéis a chur i bhfeidhm in Éirinn.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Faoi gCiste Comhoibrithe agus Nuálaíochta (CIF) 2025, fuarthas 193 iarratas, moladh maoiniú a thabhairt do 124 tionscadal, agus chuaigh 116 tionscadal ar aghaidh.
 - As an méid sin, tugadh tacaíocht do 28 tionscadal faoi shruth tiomnaithe Litearthachta Airgeadais i gcomhar leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC). Seoladh CIF 2026 i mí na Nollag 2025 le tacaíocht leanúnach an tsrutha litearthachta airgeadais ón CCPC.
- Ag cur leis na torthaí ó thuarascáil roghbhlúire ar sholáthar litearthachta BOO, tionóladh ceardlann le BOOnna i mí Feabhra chun tacú le foghlaim chomhroinnte agus le rannpháirtíocht eárnála.
- Ceapadh Cathaoirleach don Sainghrúpa ar sholáthar litearthachta, a tháinig le chéile ceithre huairé i rith 2025.
 - Áiríodh ar an Sainghrúpa ionadaíocht ón Roinn

Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), ó SOLAS, ón eárnáil FET agus ó phríomhpháirtithe leasmhara soláthair eile, ón saol acadúil, agus ón gComhairle Náisiúnta Scileanna.

- Thacaigh grúpa oibre ar a bhfuil cleachtóirí litearthachta leis an Sainghrúpa.
- Tá sé sceidealaithe tuarascáil ón Sainghrúpa agus caighdeáin ghaolmhara maidir le soláthar litearthachta a chur faoi bhráid DFHERIS i Ráithe 2 de 2026.
- Tionóladh an t-imeacht sárthaispeántais Literacy Changes Lives i bPáirc an Chrócaigh ar an 16 Meitheamh, a mheall breis is 250 duine. Thug an tAire Stáit a bhfuil Freagracht Speisialta aici as Breisoideachas, Printiseacht, Tógáil agus Scileanna Glasa, Marian Harkin TD, an spreagaitheasc.
- Seoladh modúl ríomhfhoghlama i dTeanga Shimplí.
- Cuireadh modúil ríomhfhoghlama Litearthachta Sláinte ar fáil trí thairseach foghlama FSS.
- Cuireadh oiliúint ar Fheasacht Litearthachta i bhfeidhm ar fhoireann go léir SOLAS. Chuaigh ceannairí Sláinte agus Litearthachta Teaghlaigh isteach san fhoireann LAS i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 2025 faoi seach.
- Bunaíodh grúpa téamach Litearthachta Teaghlaigh agus Pobal Cleachtais agus bhuail siad le chéile go rialta.
- Seoladh feachtas litearthachta sna meáin chun comhtharlú le Lá Idirnáisiúnta na Litearthachta ar an 8 Meán Fómhair agus thacaigh réimse páirtithe leasmhara leis.

Claochlú agus Príomhthionscnaimh
a Sheachadadh

202

Cuid 02: Claochlú agus Príomhthionscnaimh a Sheachadadh

Cuid lárnach de ról SOLAS is ea nuálaíocht, claochlú agus inbhuanaitheacht earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna (FET) a thiomáint, agus a áirithiú gur féidir le FET agus le soláthar printiseachta a lánacmhainneacht a bhaint amach. Le sainordú láidir um athchóiriú agus feabhsú feidhmíochta, táimid tar éis bogadh i dtreo earnáil FET atá níos straitéisí, níos sofheicthe agus níos comhtháite a sholáthar, ag cur deiseanna foghlama ar fáil do chách. Baineadh é seo amach trí infheistíocht mhéadaithe i maoiniú athfhillteach agus caipitil agus trí struchtúir agus próisis a chur i bhfeidhm chun oibriú i dtreo comhsheasmhachta agus cuntasachta ar fud na soláthraithe FET go léir, ag díriú acmhainní ar na dúshlán SOLAS is tábhachtaí agus cáil mar ghníomhaireacht stáit a spreagann claochlú agus a sheachadann mórtionscnaimh á tógáil ag an am céanna.

> Cláir Scileanna Tógála a Nuachóiriú

I rith 2025, lean SOLAS de bheith ag tiomáint scileanna don todhchaí san earnáil tógála mar fhreagra ar riachtanais scileanna an gheilleagair agus chun spriocanna uailmhianacha an Rialtais a bhaint amach maidir le Tithíocht do Chách agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Rinneadh é seo trí chomhoibriú le comhpháirtithe tábhachtacha chun an bonneagar oiliúna tógála a fheabhsú agus conairí scileanna tógála nua agus cuimsitheacha a chur i bhfeidhm.

Tá SOLAS ag tacú le DFHERIS chun an Bille um Cheadúnú Sábháilteachta Foirgníochta 2023 a thabhairt chun críche. Tá córais agus seirbhísí seachadta chun an tÚdarás Ceadúnaithe Tógála a sheoladh á ndearadh agus á n-imscaradh freisin.

Ina theannta sin, lean SOLAS de bheith ag cothabháil oibriocthaí Pas Sábháilte, Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta (CSCS), agus Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéalaithe (QSCS) chun freastal ar an éileamh, agus clár athchóirithe á chur i bhfeidhm do na 34 clár CSCS agus QSCS reatha.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Tharla roinnt imeachtaí comhpháirtíochta in 2025, lena n-áirítear imeacht comhpháirtíochta do Theagascóir Pas Sábháilte Foirgníochta agus imeacht comhpháirtíochta CSCS/QSCS.
- San iomlán, eisíodh breis is 140,000 cárta tógála san iomlán in 2025.
- Pas Sábháilte Muirí (Amach ón gCósta): Chomhoibrigh SOLAS le BOO Chorcaí agus le Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann chun Clár Pas Sábháilte Muirí (Amach ón gCósta) a fhorbairt. Is clár éigeantach feasachta sláinte agus sábháilteachta é an Pas Sábháilte Muirí (Amach ón gCósta) do gach oibrí atá bainteach le tionscadail tógála gaoithe agus fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta. Críochnaíodh dhá chlár píolótacha agus an clár á chur i gcrích ag 25 mac léinn.

> Ag Fíorú na Físe maidir le Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna (FET)

Sa bhliain 2025, d'oibrigh SOLAS le príomh-chomhpháirtithe seachadta FET chun €83.7m de chaipiteal a infheistiú i bhfeabhsú straitéiseach eastáit FET chun fíis na gColáistí FET a thabhairt chun beatha. Rinneadh é seo trí mhaoiniú leanúnach ar fud naoi sruth maoinithe, lena n-áirítear scálaí iolracha de thionscadail phiblíne a fhorbairt. Tá píblíne iomlán de 12 Mhórtionscadal Caipitil Choláiste FET aitheanta ag SOLAS agus leanann sé de thacaíocht a thabhairt dá gcur i gcrích leanúnach.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Rinneadh athbhreithniú ar chóras larratais agus Tuairiscithe um Leithdháileadh Maoinithe BOO agus rinneadh é a shruthlíniú chun tacú le claochlú maoinithe.
 - Eisíodh próisis athbhreithnithe chun tacú leis an Teastas Iar-Ardteistiméireachta (PLC) agus leis an Soláthar Treasach, lena n-áirítear 29,284 áit foghlaimeora, 1,656 leithdháileadh múinteoirí agus €5.7 milliún i maoiniú do mhic léinn faoi mhíchumas. Ina theannta sin, tugadh fógra do 131 coláiste PLC, rud a chuir ar chumas foghlaimeoirí incháilithe rochtain a fháil ar thacaí SUSI.
- Eisíodh beagán faoi bhun €13 milliún i nDeontais Ghníomhaireachta do 22 gníomhaireacht.

- Tríd an gCóras Gabhála Torthaí agus Iarratas Deimhniúcháin agus an Tábla Dámhachtainí, taifeadh 74,290 toradh, críochnaíodh sé uaslódáil agus cuireadh tús le hathfhorbairt, agus cuireadh 143 dámhachtain nua leis.
- Eisíodh €4.5 milliún i ndeontais Chiste Rochtana chuig 710 grúpa pobail, in éineacht le hathbhreithnithe chun úsáid an mhaoinithe a fheabhsú.
- Cuireadh infheistíocht chaipitil €83.7 milliún i bhfeidhm chun tacú le dul chun cinn 126 tionscadal caipitil chomh maith leis na céadta tionscnamh deontais de chaipiteal díláraithe.
- Ceadaíodh i bprionsabal cúig thionscadal breise faoi Mhórchlár Caipitil Choláistí FET.
- Chuaigh deich dtionscadal san iomlán ar aghaidh go dtí céim Dhearadh Tionscadail, Phleanála agus Straitéise Soláthair na dTreoirilnte Bonneagair.
- Leanadh ar aghaidh le dul chun cinn ar ocht dtionscadal déag faoin gClár Uasghrádaithe Bonneagair Straitéisigh.
- Rinneadh dul chun cinn ar thionscadail straitéiseacha náisiúnta trí infheistíocht chaipitil ag Páirc Taispeána Modhanna Nua-Aimseartha Tógála (MMC) Mount Lucas agus ag Scoil Eitilte na Sionainne.
- Fuarthas méadú ar Dheontais Chaipitil Dhíláraithe Glasa ó €24 milliún go €32 milliún, rud a thacaíonn le BOOnna maidir lena spriocanna i ndáil le Sainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí a bhaint amach.
- I gcomhar leis an Oifig Náisiúnta Printiseachta (NAO), cuireadh sé cheardlann ar fáil i gcúig chlár printiseachta, cruthaíodh 168 áit oiliúna nua, agus cuireadh

glaonna trealamh i gcrích do 16 chlár printiseachta athbhailíochtaithe.

- Leithdháileadh €7 milliún i nDeontais Trealamh Speisialaithe ar 15 BOO chun tacú le micreacháilíochtaí FET, oiliúint NZEB/ZEB, Tógáil, agus cláir Eolaíochtaí na Beatha. Cuireadh tús le hobair ullmhúcháin le haghaidh maoiniú €37 milliún atá cláraithe do 2026.

> Straitéis FET Nua a Fhorbairt

FET Amach Anseo: Tháinig Claochlú na Foghlama 2020-2024, an dara straitéis náisiúnta um Bhreisoideachas agus Oiliúna (FET), chun críche ag deireadh 2024. Le sainordú reachtach chun straitéis FET nua a tháirgeadh do 2026-2030, rinne SOLAS comhairliúchán cuimsitheach straitéise le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tionscal, comhpháirtithe san earnáil FET, agus foghlaimeoirí, chun cabhrú le fis shoiléir a bhaint amach maidir le fás, claochlú agus forbairt amach anseo.

Críochnaíodh Comhairliúchán Poiblí go luath in 2025, agus fuarthas beagnach 70 aighneacht uathúla. D'fhormheas Bord SOLAS dréachtstraitéis agus cuireadh dréacht deiridh faoi bhráid an Aire um Bhreisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht i mí na Nollag. Tá tús curtha le pleanáil ar chreat cur chun feidhme agus monatóireachta don straitéis.

Chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise FET nua, forbraíodh dréacht-Chomhaontuithe Feidhmíochta cúig bliana in 2025. Áirítear leis seo comhaontú maidir le spriocanna nua don Chóras FET le DFHERIS agus 16 Chomhaontú Feidhmíochta idir SOLAS agus BOOnna.

> Curaclam Printiseachta

Lean SOLAS de leaganacha athbhailíochtaithe de phrintiseachtaí ceardaíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear curaclam, ábhair mheasúnaithe, cláir idirlinne, sonraíochtaí trealamh agus uasoiliúint a theastaíonn d'oideachasóirí i gcomhréir leis an bplean cur chun feidhme 2025 a comhaontaíodh le DFHERIS agus QQI, agus tuilleadh oibre beartaithe i gcomhthráth le Plean Aistrithe. Fógraíodh leathnú mór ar Chlár Printiseachta Meicneoir Aerárthaí in 2025 freisin.

> Oideachas Pobail agus Príosúin

In 2025, lean SOLAS de ghealltanais atá leagtha amach i bplean forfheidhmithe an Chreata Oideachais Phobail a sheachadadh.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Bunaíodh grúpa stiúrtha cur chun feidhme oideachais phobail náisiúnta, ina bhfuil raon páirtithe leasmhara agus atá faoi bhainistíocht SOLAS, chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar phríomhghníomhaíochtaí agus an dul chun cinn sin a rianú. Bhuaile an grúpa le chéile sé huaire le linn 2025.
- Cuireadh 25 gníomhaíocht san iomlán chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le bacainní sonraí foghlaimeora agus chun cur chuige comhsheasmhach maidir le maoiniú a áirithiú. Bunaíodh clár náisiúnta de sholáthraithe oideachais phobail freisin.

Sheol SOLAS glao náisiúnta um Chiste Rochtana mar aon le treoirilnte gaolmhara do BOOnna in 2025. Cuireann Ciste Rochtana maoiniú tábhachtach ar fáil chun rochtain agus

tacaíochtaí a fheabhsú do fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste oideachais a ghlacann páirt i dtionscnaimh oideachais pobail ar fud na hÉireann.

Leanadh le hobair Thascfhórsa Oideachais na bPríosún, a bhfuil SOLAS ina bhall de, agus béim ar thacú le deiseanna foghlama agus oiliúna i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Lean SOLAS de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí a eascraíonn as Plean Oibre an Tascfhórsa.

Tionscadail chlaochlaitheacha breise in 2025:

- Rinneadh dul chun cinn leis an gcomhoibriú le Seirbhís Phríosúin na hÉireann faoin tionscadal Building Bridges [Bearnaí a Dhúnadh].
- Leanadh leis an rannpháirtíocht le Cigireacht na Roinne Oideachais maidir le soláthar Ógtheagmháil.
- Mar an príomh-chomhpháirtí in Éirinn don líonra ReferNet uile-Eorpach, bhainistigh SOLAS an tionscadal náisiúnta ReferNet, a sholáthraíonn faisnéis ar chórais agus ar bheartais náisiúnta gairmoideachais agus oiliúna (VET) i mBallstáit an AE.



D'óstáil SOLAS, i gcomhar le baill ó ghrúpa forfheidhmithe an Chreata oideachais pobail náisiúnta, an ócáid 'Ag Dúnadh na Bearna' ag deireadh 2025 chun forbairt múnla comhpháirtíochta a iniúchadh chun cur chuige spriocdhírithe a chomhordú maidir le maoiniú, soláthar agus forbairt oideachais pobail amach anseo.

Feidhmíocht agus Nuálaíocht

03

Cuid 03: Feidhmíocht agus Nuálaíocht

Mar eagraíocht, déanann SOLAS iarracht leanúnach feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht, a bheith níos nuálaí agus níos táirgiúla, na hacmhainní atá againn a uasmhéadú agus, níos tábhachtaí fós, sonraí agus fianaise a úsáid chun ár gcur chuige agus ár straitéis a thiomáint, chomh maith le tacú le cinnteoireacht thábhachtach ar an leibhéal náisiúnta.

> Córais Sonraí Foghlaimeoirí agus Printíseach a Fhorbairt

Rinne SOLAS dul chun cinn ar roinnt gníomhaíochtaí tábhachtacha in 2025 a bhain le córais sonraí foghlaimeoirí agus printíseach a fhorbairt.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Cuireadh tús le hobair chun foirm mhionsonraí an fhoghlaimeora maidir leis an gCóras Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeora (PLSS) a shimpliú agus a oiriúnú mar fhreagairt ar riachtanais an chórais a bhíonn ag athrú i gcónaí.
- Baineadh amach an chéad chéim de thionscadal comhdhlúthaithe eastát digiteach agus gréasáin, atá dírithe ar ollchóiriú a dhéanamh ar eispéireas úsáideoirí digiteacha agus ar líne SOLAS agus FET.
- Forbraíodh painéal sonraí printíseachta nua in 2025 freisin chun tacú le rochtain feabhsaithe ar shonraí agus le tuiscint.

> Ardán Foghlama Digiteach a Chur Chun Cinn don Todhchaí

Is é r-Choláiste seirbhís náisiúnta foghlama ar líne SOLAS. In 2025, leanamar de r-Choláiste a leathnú maidir le cumhacht, raon agus cáilíocht, agus é a shuíomh mar gheata chuig FET, rud a léiríonn an fócas éagsúil atá aige. Chomh maith leis sin, thaispeánamar tairiscintí foghlama an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) taobh leis an bpunann atá ann cheana féin, ag baint leasa as ról BOOnna maidir le heispéiris foghlama digiteacha a fhorbairt, a chomhroinnt agus a sheachadadh.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Bhí breis is 90 cúrsa uathúla ar fáil ar r-Choláiste, méadú ó 55 cúrsa in 2024.
- Chuir 37,975 foghlaimeoir r-Choláiste tús le cúrsaí faoi dheireadh na bliana, agus is ionann sin agus an líon bliantúil is airde de thosaitheoirí a taifeadadh go dtí seo.
- Bhí cineál nua cúrsa atá dírithe ar oideachas poiblí ar fáil don chéad uair in 2025. Rinneadh an tionscadal piolótach seo i gcomhpháirtíocht le Microsoft agus thacaigh sé le forbairt deiseanna comhpháirtíochta níos leithne le páirtithe leasmhara breise.
- Rinneadh dul chun cinn ar an gCreat Foghlama Digiteach a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an treochlár gaolmhar.

> Cinntí Bunaithe ar Fhianaise a Dhéanamh (Faoi Thiomáint Sonraí)

Tá ról na sonraí riachtanach do SOLAS agus tacaíonn sé le pleanáil agus soláthar éifeachtach FET ar fud na tíre. Sa bhliain 2025, lean SOLAS de bheith ag úsáid sonraí chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise ar fud ár n-eagraíochta, BOOnna, agus ár máthair-Roinne, trí shonraí náisiúnta a anailísiú, a léirmhíniú agus a chur i láthair.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- D'fhoilsigh an tAonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair (SLMRU) raon d'aschur faisnéise scileanna, lena n-áirítear an suirbhé ar fholúntais atá Deacair a líonadh, Próifílí Réigiúnacha an Mhargaidh Saothair, Monatóireacht ar Sholáthar Scileanna na hÉireann, Foghlaim ar Feadh an tSaoil 2024, Feasachán Scileanna an Earraigh ar an bhFostaíocht Ghlas agus Feasachán Scileanna an tSamhraidh ar Mhímheaitseáil Scileanna.
- D'fhoilsigh an tAonad Anailísíochta Sonraí (DAU) Fíricí agus Figiúirí FET, Seo FET: Foghlaimeoirí faoi Mhíchumas, Seo FET: An Lucht Siúil, Seo FET: An Pobal Romach, Seo FET: Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Seo FET: Tuarascálacha ar Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas.

- Ina theannta sin, bhronn an CSO deimhniú ISSCoP ar na staitisticí a táirgeadh i dtuarascálacha Fíricí agus Figiúirí FET agus i sonraí an Chórais Tacaíochta Cláir agus Foghlaiméora (PLSS) a chuireann bonn eolais faoi na tuarascálacha bliantúla seo. I gcomhréir le ceanglais mharc cáilíochta ISSCoP, tá sonraí PLSS a chuireann bonn eolais faoi thuarascálacha Fíricí agus Figiúirí FET ar fáil don phobal anois ar ardán sonraí oscailte na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO).
- Sheol DAU an dara suirbhé ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (ESF+) a bhfuil sé mar aidhm aige sonraí cuimsitheacha a bhailiú maidir le torthaí iar-fhoghlaiméoirí sa mhargadh saothair mar chuid den chéad tráinse de chlár EIST. Trí an fhaisnéis seo a bhailiú, tá sé mar aidhm ag an Aonad a thuiscint ar éifeachtacht sholáthar FET a fheabhsú agus bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais agus clár amach anseo.
- Ina theannta sin, cuireadh an suirbhé a rinneadh an bhliain roimhe sin faoi bhráid Údarás Bainistíochta ESF laistigh den Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) agus faomhadh é. Léirigh ceadú an tsuirbhé seo críoch foirmiúil an chlár PEIL (Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim), rud a chinntigh gur comhlíonadh na ceanglais tuairiscithe agus meastóireachta go léir i gcomhréir iomlán le caighdeáin ESF. Tacaíonn an DAU leis an NRRP freisin.
- Sheol agus d'fhoilsigh an SLMRU an 21ú Feasachán Scileanna Náisiúnta.
- Bunaíodh branda agus féiniúlacht Scileanna Éireann sa Todhchaí, tríd an gcéad phodchraoladh SOLAS riamh a sheoladh agus tríd an gcéad Fhóram um Scileanna Éireann sa Todhchaí, a bhí ar siúl i mí na Nollag 2025.
- Fuair SOLAS maoiniú Peace Plus trí thairiscint rathúil.
- Rinneadh dul chun cinn ar an rannpháirtíocht leis an gComhairle Náisiúnta Scileanna i ndáil leis an togra maidir le Réadlann Náisiúnta Scileanna (NSO), agus comhaontaíodh pleananna chun an NSO a bhunú in 2026.
- Thacaigh comhoibriú inmheánach leanúnach idir DAU agus na BOOnna le húsáid sonraí éilimh foghlaiméoirí agus samhail réamh-mheastacháin FET chun fianaise a thabhairt ar an ngá atá le hinfheistíocht chaipitil, lena n-áirítear sna 12 thionscadal de chuid Chlár Mórchaipitil Coláistí FET. Chuaigh an DAU agus an SLMRU i dteagmháil freisin leis an bhfoireann um Straitéis Mhaoinithe agus Ailíniú Feidhmíochta ar fhorbairt Chomhaontuithe Feidhmíochta BOO nua.



Ag labhairt di ag seoladh an 21ú Feasachán Náisiúnta Scileanna, dúirt Joan McNaboe, Bainisteoir Taighde ag an SLMRU:

“Léiríonn an tuarascáil luach na faisnéise tráthúla ar an margadh saothair chun tuiscint a fháil ar nádúr athraitheach an domhain oibre agus chun a áirithiú go bhfuil na scileanna atá riachtanach do gheilleagar rathúil ag oibrithe reatha agus ag daoine atá ag teacht isteach sa mhargadh saothair araon, agus go mbeidh na scileanna sin acu amach anseo.”

➤ Maoiniú, Straitéis agus Ailiniú Feidhmíochta

Tá SOLAS ag obair chun maoiniú FET a ailiniú go dlúth le feidhmíocht agus chun aitheantas agus cuntasacht níos fearr a áirithiú i measc na BOOnna uile agus an straitéis FET agus na comhaontuithe feidhmíochta gaolmhara á gcur i gcrích.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Obair a rinneadh chun 16 chomhaontú feidhmíochta straitéisí a fhorbairt don chóras FET, i gcomhréir leis an straitéis nua bhreiseoidachais: Todhchaí a Chruthú 2026-2030.
- Mar chuid dár gcuid oibre chun ailiniú idir maoiniú agus feidhmíocht a fheabhsú, bhunaíomar Coiste Maoinithe FET inmheánach chun ailiniú cinnteoireachta a fheabhsú.
- Cuireadh tús le forbairt ar mhúnla ionchuir-aschuir a nascann maoiniú BOO agus sonraí feidhmíochta.
- Críochnaíodh athbhreithniú neamhspleách ar sholáthar Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL), agus tá dul chun cinn á dhéanamh i bhforbairt caighdeán náisiúnta i gcomhar leis an earnáil FET.
- Críochnaíodh dhá phíosa taighde neamhspleácha a bhain le soláthraithe oiliúna speisialaithe (STPanna), agus cuireadh moltaí chun cinn.

Ceannairí san Earnáil Phoiblí

04

Cuid 04: Ceannairí san Earnáil Phoiblí

Mar eagraíocht a bhfuil freagrachtaí éagsúla uirthi, tá sraith láidir luachanna agus cuspóir comhroinnte mar bhonn lenár gcuid oibre. Déanaimid ceannaireacht le paisean agus le tiomantas chun nuálaíocht a dhéanamh ar an gcaoi a seachtadtar FET agus lorgaimid bealaí leanúnacha chun an córas FET a fheabhsú, acmhainní a uasmhéadú, agus rath leanúnach an chórais FET agus printiseachta a áirithiú.

Is é uaillmhian SOLAS leanúint de bheith ar cheann de na comhlachtaí earnála poiblí is forásaí in Éirinn, agus táimid ag obair chun cultúr éagsúil agus cuimsitheach san ionad oibre a chruthú agus tacú le folláine na bhfostaithe trí réimse tionscnamh.

> Chun Tosaigh maidir le hInbhuanaitheacht

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Chomhoibrigh SOLAS le BOOnna chun an t-aistriú glas san earnáil FET a chur chun cinn agus thacaigh sé le cuspóirí náisiúnta gníomhaithe ar son na haeráide trí shraith clár FET Scileanna Glasa a rolladh amach ar fud na tíre chun a áirithiú go bhfuil na scileanna ag gach foghlaimoir FET chun tacú le gníomhaithe ar son na haeráide.
 - Faoi dheireadh 2025, bhí 11 mhicreacháilíocht FET ar fáil faoin tsraith Scileanna Glasa. Rinne na BOOnna bainistíocht ar sceidealú agus ar sheachadadh na micreacháilíochtaí seo.
 - Áirítear leis na cláir seo Feasacht ar Inbhuanaitheacht Chomhshaoil, Feasacht ar Inbhuanaitheacht san Ionad

Oibre, Barraineach le haghaidh Gnó Inbhuanaithe, Soláthar Slabhra Soláthair, Éifeachtúlacht Acmhainní, Geilleagar Ciorclach, Tiomáint Éiceolaíoch, Ceannaireacht Inbhuanaitheachta, agus Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí.

- Cuireadh plean cur chun feidhme straitéise náisiúnta nua maidir le Scileanna Glasa FET 2030 i dtoll a chéile in 2025 chun forbairt lucht saothair atá réidh don aeráid a thiomáint agus chun Éire a shuí mar cheannaire i dtionscail agus i ngairmeacha glasa atá ag teacht chun cinn.
- Chláraigh cúigear is daichead ball foirne san earnáil FET le haghaidh Suaitheantas Digiteach san Oideachas um Inbhuanaitheacht.
- Cuireadh Straitéis Scileanna Glasa 2030 faoi bhráid na Comhairle Comhairleach um Athrú Aeráide. Chomhoibrigh foireann na gColáistí FET le trí BOO chun ionaid (N) ZEB a fhorbairt tuilleadh. Bhí ceithre ionad ag feidhmiú go hiomlán in 2025. Nuashonraíodh curaclam agus deimhniúchán ó Fhoirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (NZEB) go Foirgnimh Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (ZEB).
- Thacaigh rannpháirtíocht leis na BOOnna lena mBearna idir Spriocanna Shainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide den Earnáil Phoiblí (PSCAM) a bhaint amach trí úsáid uasta a bhaint as an Deontas Caipitil Dílraithe Glas agus trí Phobal Cleachtais E16 a bhunú ina bhfuil Oifigigh Fuinnimh agus Oifigigh Feidhmíochta Fuinnimh na BOOnna uile.



Scileanna Glasa 2030, dúirt an Dr Susan Gill, Bainisteoir an aonaid um Straitéis Aeráide agus um Scileanna:

"Ní mór dúinn athmhachnamh radacach a dhéanamh ar an gcaoi a mairimid, a n-oibrímid agus a gcuirimid oideachas ar dhaoine, mar aon le claochlú domhain ar na scileanna agus ar an eolas a chuirimid ar fáil do dhaoine chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin, agus deiseanna a thapú maidir le todhchaí ghlas agus inbhuanaithe." Agus cé go bhfuil straitéis tábhachtach, is í an 'cén fáth', an ceann scríbe, bhí a fhios againn go raibh plean cur chun feidhme nithiúil ag teastáil uainn: an 'conas', an turas atá i gceist. Tá áthas orainn Plean Cur Chun Feidhme Scileanna Glasa 2030 a chur i láthair."

> Ár Raon Feidhme agus Leathnú a Cur in Iúl

In 2025, dhírigh cumarsáid SOLAS ar an dá phríomhthosaíocht chun an raon éagsúil roghanna FET agus printiseachta a chur chun cinn; agus cumarsáid straitéiseach a fheabhsú chun aitheantas luach SOLAS ag spriocphobail thábhachtacha a fheabhsú.

Dhírigh cumarsáid SOLAS ar chomhoibriú agus comhtháthú a neartú ar fud aonad gnó SOLAS go himmheánach agus i measc chomhpháirtithe seachtracha FET, lena n-áirítear BOOnna, agus cumarsáid éifeachtach agus rannpháirtíocht shruthlínithe le páirtithe leasmhara á n-áirithiú chun ár raon feidhme a leathnú, deiseanna a uasmhéadú, agus príomhtheachtaireachtaí SOLAS a threisiú.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Reáchtáladh feachtais náisiúnta, lena n-áirítear FET do Fhágálaithe Scoile, FET don Fhiontar agus do Litearthacht d'Aosaigh don Saol chun cabhrú le feasacht an phobail ar sholáthar FET a mhéadú, agus feasacht ar ról SOLAS laistigh den earnáil á múscailt ag an am céanna.
- Chomh maith le hobair chumarsáide thábhachtach, thacaigh ár bhfoirne le raon feidhmeanna corparáideacha agus rialachais, lena n-áirítear idirchaidreamh leis an Oireachtas, bainistiú fiosruithe ón bpobal, agus tacaíocht do naoi gcrúinniú Boird, agus ag an am céanna chuir siad le Dualgas Comhionannais agus Cearta Duine na hEarnála Poiblí, le hionduchtú eagraíochtúil, agus le straitéis riosca.
- Taifeadadh rannpháirtíocht fhairsing ar fud na mbealaí cumarsáide, lena n-áirítear lucht leanúna comhcheangailte

de thart ar 100,000 ar na meáin shóisialta, foilsíú 77 preasráiteas agus clúdach thar 576 alt sna meáin.

- Cuireadh tús le forbairt ar straitéis nua cumarsáide agus margaíochta, agus tá sé beartaithe go mbeidh sí críochnaithe in 2026.
- Reáchtáladh Gradaim Printisigh na Bliana, Gradaim Fostóra na Bliana, agus Comórtas Scoileanna agus Ionaid Printiseachta Glúine i rith 2025.
- Chuir foireann SOLAS roinnt uaireanta le héisteachtaí Chomhchoiste an Oireachtais um Bhreisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht.
- D'fhreagair SOLAS breis is 165 Ceist Pharlaiminteach agus thart ar 280 ionadaíocht agus fiosrúchán roinne.



Seoladh agus tionóladh Fóram um Scileanna Éireann sa Toghcháin i mí na Nollag 2025.

> Ár nDaoine a Fhorbairt:

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Críochnaíodh athbhreithniú ar bheartas agus ar phróiseas AD in 2025, agus díriodh ar luachanna SOLAS a leabú i bhforbairt beartais nua.
- San iomlán, ghlac 157 ball foirne páirt i 60 gearrchúrsa le linn 2025, arb ionann é sin agus 566 lá oiliúna. Ina theannta sin, ghlac ochtar ball foirne páirt i gcláir fochéime nó iarchéime páirtaimseartha.

> Éagsúlacht, Cuimsiú agus Folláine

In 2025, lean SOLAS de bheith ag laghdú ár mbearna pá inscne chomh maith le héagsúlacht inár lucht saothair a mhéadú agus tacú leis sin. D'oibríomar chun Dualgas Comhionannais agus Cearta Duine na hEarnála Poiblí a leabú i ngach réimse de SOLAS, agus leanamar lenár n-earcaíocht ghníomhach, ag díriú ar ghrúpaí éagsúla.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Fuair SOLAS aitheantas náisiúnta ag na Gradaim Náisiúnta Éagsúlachta, agus bhuaigh sé Eagraíocht na Bliana san Earnáil Phoiblí agus Fostaí na Bliana.
- Bhain SOLAS creidiúnú óir Infheisteoirí san Éagsúlacht amach.
- Cuireadh SOLAS ar an ngearrliosta don chatagóir Rannpháirtíocht Fostaithe ag Gradaim na Seaimpiní AD agus do dhá ghradam sna Gradaim Éagsúlachta sa Ghnó.
- Críochnaíodh Suirbhé Míchumais uile-fhoirne agus roinneadh na torthaí leis an bhfoireann.

- Cuireadh tuairisceáin mhíchumais faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Míchumais (NDA).
- Athchumraíodh an Grúpa Oibre um Dhualgais na hEarnála Poiblí mar an Grúpa Oibre um Chomhionannas agus Cearta an Duine chun raon níos leithne de ghníomhaíochtaí comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta (EDI) a ionchorprú faoi ghrúpa stiúrtha amháin.
- Reáchtáladh réimse leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí éagsúlachta, cuimsithe, folláine agus sóisialta, lena n-áirítear Dúshlán Céimeanna, ranganna Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, seimineáir ghréasáin ar thacaíocht a thabhairt d'fhostaithe agus do bhaill teaghlaigh uathacha agus néara-éagsúla, agus oiliúint ar chlaontacht neamhfhiosach, a seachadadh tríd an ardán Meitea-Chomhlíonta.
- Ghlac an fhoireann páirt i Lá Oibrithe Deonacha in Ionad an Chabháin.
- Rinne SOLAS raon de laethanta feasachta agus feachtais idirnáisiúnta a cheiliúradh, lena n-áirítear imeacht foirne Lá Domhanda na hÉagsúlachta Cultúrtha a óstáil, páirt a ghlacadh in Bród Bhaile Átha Cliath, agus aitheantas a thabhairt don Fheachtas Ribín Glas, Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas agus Lá Domhanda na Meabhairshláinte. Reáchtáladh imeacht foirne Bróinse agus Foghlaim le Cúnamh do Mhná, ag díriú ar Fhoréigean Baile agus Saoire Mhí-úsáide.
- Reáchtáladh imeacht Lá Idirnáisiúnta na mBan, ag díriú airde ar fhoghlaimeoirí agus ar bhaill foirne FET.
- Reáchtáil Cór SOLAS imeacht tiomsaithe airgid i mí na Nollag ar mhaithe le Leanaí i mBaol in Éirinn (CARI).



Ag labhairt di i ndiaidh do SOLAS gradam Eagraíocht Earnála Poiblí na Bliana 2025 a bhuachan ag na Gradaim Náisiúnta Éagsúlachta agus Cuimsithe, dúirt Caroline Jones, Bainisteoir Rannpháirtíochta Daoine:

“Tá sraith thábhachtach luachanna Eagraíochtúla – ár SOLAS TRIBE (trédhearcach, measúil, nuálach, cróga, éifeachtach) mar bhonn agus taca ag ár gcuid oibre maidir le hÉagsúlacht agus Cuimsiú, agus cinntíonn sé seo nach ‘cleachtadh cur tic le boscaí’ atá inár dtionscnaimh Éagsúlachta agus Cuimsithe, ach go bhfuil siad leabaithe go domhain i ngach rud a dhéanaimid, lena n-áirítear ár mbeartais soláthair, airgeadais, maoinithe, comhionannais agus earcaíochta.”

> Bearna Phá Idir na hInscní (GPG)



Don bhliain 2025, ba é 9.7% (meán) an Bhearna Phá Idir na hInscní i SOLAS. Bhí sé sin bunaithe ar 242 ball foirne lánaimseartha agus 22 ball foirne páirtaimseartha, arbh mhná 167 díobh agus arbh fhir 97 díobh.

> Ár gCultúr Oibre agus ár gCultúr Nua-Aimseartha Forásach

Maireann SOLAS de réir ár luachanna TRIBE (Trédhearcach, Measúil, Nuálach, Cróga agus Éifeachtach) i ngach gné den eagraíocht. Déanaimid rian leanúnach ar a mhéid a chreideann an fhoireann gurb amhlaidh atá sé, trí shuirbhé rannpháirtíochta

foirne. In 2025, d'oibríomar chun ár gcumarsáid inmheánach a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear gach imeacht foirne, sraith Bróinse & Foghlaim, nuashonruithe 12@12, agus an t-ardán Inlín.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Chuir SOLAS le Seachtain Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí 2025 trí shraith imeachtaí a óstáil a thacaigh le comhoibriú agus le foghlaim chomhroinnte ar fud na seirbhíse poiblí.
- Neartaíodh cumarsáid inmheánach na ceannaireachta trí nuashonruithe seachtainiúla POF 12@12, le rannpháirtíocht leanúnach ó chomhghleacaithe SOLAS.
- Tacaíodh le rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara agus chomhpháirtíochtaí trí chlár imeachtaí Bróinse agus Foghlaim a cuireadh ar fáil i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha i rith 2025.

> Seirbhísí Inmheánacha den Scoth

Leanann SOLAS de raon seirbhísí den scoth a sholáthar d'aonaid ghnó eile SOLAS, do BOOnna agus do chustaiméirí eile, agus feabhsaíonn sé próisis i gcónaí ar fud na nithe seo a leanas: Earcaíocht, Ionduchtú, Foghlaim agus Forbairt, Áiseanna, Tacaíocht TF, Párolla, Pinsin, Taisteal agus Cothú, Lasc-chlár, Soláthar, Buiséadú agus Cuntais Bhainistíochta, Rochtain ar dhaoine is ábhar do na sonraí, Saoráil Faisnéise agus iarratais Oireachtais, Gearáin agus Nochtuithe Cosanta.

Rialachas Corparáideach

05

Cuid 05: Rialachas Corparáideach

> Sainordú Reachtaíochta

Bunaíodh SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) – an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna ar an 27 Deireadh Fómhair 2013 faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, tá feidhmeanna ginearálta de chuid SOLAS sainithe mar seo a leanas:

- (a) straitéis maidir le soláthar FET a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.
- (b) tuiscint ar luach FET a chur chun cinn.
- (c) dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí, leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le fostóirí ó am go ham ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh maidir le cé hiad na cláir bhreisoideachais agus oiliúna nó cé hiad na haicmí de na cláir FET ar cheart don tSeirbhís airgead a thabhairt ar airleacan dóibh.
- (d) réamhíocaíocht a dhéanamh ar airgead leis na BOOnna agus comhlachtaí eile atá i mbun cláir FET a sholáthar.
- (e) oiliúint agus athoiliúint le haghaidh fostaíochta a sholáthar, nó socrú a dhéanamh chun an oiliúint sin a sholáthar agus cabhair is comhordú a dhéanamh ar oiliúint den sórt sin a sholáthar trí bhithin daoine nach den tSeirbhís iad.

- (f) measúnú a dhéanamh ar BOOnna agus comhlachtaí eile atá i mbun cláir FET a sholáthar, agus a bhfuil airgead tugtha ar airleacan dóibh, lena fháil amach an dtéann nó nach dtéann siad i mbun an chúraim seo ar bhealach eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.
- (g) socrúchán daoine de cibé aicme nó aicmí daoine a d'fhéadfadh a bheith luaite go sonrach ag an Aire Coimirce Sóisialaí tar éis dó/di dul i gcomhairle leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú, i gcomhthéacs cláir FET a mhaoinítear, go hiomlán nó go páirteach, as airgead poiblí.
- (h) comhoibriú a chothú idir BOOnna agus comhlachtaí eile atá i mbun cláir FET a sholáthar.
- (i) comhionannas deiseanna a chur chun cinn i dtaca le FET a sholáthar.
- (j) cláir FET nua agus cláir atá ann cheana a fhorbairt agus a éascú, lena n-áirítear córais a bhunú atá deartha chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an oideachais agus na hoiliúna atá i gceist lena chinntiú go bhfuil na cláir sin oiriúnach dá bhfeidhm.
- (k) oiliúint a chur ar fáil, nó cabhrú le hoiliúint a chur ar fáil, oiliúint do dhaoine a bhfuil sé de chúram orthu cláir FET a sheachadadh a bhfuil airgead faighte ón tSeirbhís acu ina leith faoi roinn 21.

- (l) taighde a dhéanamh, nó a fhéachaint chuige go ndéanfar taighde maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse; agus

- (m) comhairle a thabhairt don Aire maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse.

I dteannta a chroí-fheidhmeanna arna sainiú faoi Acht FET, 2013, tá freagracht reachtúil ar SOLAS freisin as Printíseacht agus cláir a bhaineann le tógáil, is é sin, Pas Sábháilte, Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta (CSCS) agus Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéalaithe (QSCS).

> Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tháinig Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a ghlac ionad chód 2009, i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016. Tá glactha leis ag SOLAS agus tá próisis bunaithe lena chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid á gcomhlíonadh ag gach gné d'oibríochtaí SOLAS.

➤ Comhaontú Soláthair Feidhmíochta

Tá comhaontú soláthair feidhmíochta bliantúil ag SOLAS leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta lena leagtar amach: ról agus feidhmeanna na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus SOLAS faoi seach maidir le breisoideachas agus oiliúint; ceangaltais seirbhíse; rialachas corparáideach agus creat cuntasachta airgeadais; agus socruithe monatóireachta agus tuairiscithe.

➤ Sláinte, Sábháilteacht agus Leas

Comhlíonann SOLAS a fhreagrachtaí reachtúla faoin Acht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 2005 agus gach rialachán faoin Acht seo. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil dár bhfoireann agus cliaint ar fad agus ár bhfreagrachtaí i leith daoine eile a chomhlíonadh, lena n-áirítear baill den phobal a bhféadfadh tionchar a bheith ag ár n-oibríochtaí orthu. Comhordaíonn agus cinntíonn foireann bainistíochta SOLAS comhlíonadh lena Ráiteas Beartais Sábháilteachta trí chur chun feidhme an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta ar fud na heagraíochta.

➤ Bainistiú Riosca

Tá SOLAS, trína Bheartas Bainistíochta Riosca, tiomanta do chur chun feidhme creat comhtháite, éifeachtach, agus éifeachtúil chun riosca a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé cur chuige réamhghníomhach agus struchtúrtha chun na rioscaí a bhfuil ar an eagraíocht déileáil leo a shainaithint, a bhainistiú agus a thuairisciú.

Tá Bord SOLAS freagrach as bainistíocht riosca faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá údarás tarmligthe ag an mBord don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca i dtaca le monatóireacht, athbhreithniú, ceistiú agus maoirseacht Chreat agus Phróiseas an Bhainistíochta Riosca. Tá rioscaí suntasacha sainaitheanta don eagraíocht doiciméadaithe i gClár Rioscaí Chorporáidigh SOLAS agus mar chuid den Phróiseas Bainistíochta Riosca, déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Chorporáidigh ar a laghad dhá uair sa bhliain, agus cuirtear faoi bhráid an Bhoird é lena athbhreithniú uair amháin sa bhliain ar a laghad.

➤ Cosaint Sonraí

Tá Achtanna um Chosaint Sonraí 1998, 2003, agus 2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) deartha chun príobháideacht sonraí pearsanta daoine aonair a chosaint. Soláthraíonn na hAchtanna roinnt cearta do dhaoine aonair maidir lena sonraí pearsanta atá i seilbh Rialaitheoir Sonraí agus/nó Próiseálaí. Tá beartais agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag SOLAS chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an reachtaíocht go hiomlán. Tá SOLAS tiomanta do phróiseáil Dhleathach, Chothrom agus Thrédhearcach Shonraí Pearsanta Ábhar Sonraí trí úsáid a bhaint as bearta oiriúnacha teicniúla agus eagraíochtúla. Déanfaidh SOLAS gach céim réasúnach chun Sonraí Pearsanta Ábhar Sonraí a shlánú agus a chosaint le linn dó an Dlí Cosanta Sonraí a chomhlíonadh.

I measc na gcéimeanna a glacadh chun sonraí pearsanta na nDaoine is ábhar do na sonraí a chosaint, ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO); oiliúint foirne a sholáthar maidir le cosaint

sonraí; fógraí príobháideachta a ullmhú; conarthaí próiseála tríú páirtí agus comhaontuithe neamhnócha i leith gníomhaíochtaí SOLAS; cur i bhfeidhm beartais agus nósanna imeachta GDPR, Beartas um Chosaint Sonraí; agus Fógra Príobháideachta Poiblí.

➤ Acht um Nochtadh Cosanta 2014

Bhunaigh SOLAS cainéil agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha agus sheachtracha i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014-2023. In 2025, fuair SOLAS tuarascáil amháin um Nochtadh Cosanta, agus rinne sé obair leantach uirthi sin. Foilsítear tuilleadh sonraí ar shuíomh gréasáin SOLAS.

➤ Ráitis Beartais ar Éifeachtúlacht Fuinnimh agus ar an gComhshaol

I mí an Mheithimh 2001, d'eisigh an Rialtas meabhrán a chuir mar cheangal ar gach Gníomhaireacht Stáit a choimre a thabhairt, ina dTuarascáil Bhliantúil, ar na bearta atá idir lámha acu d'fhonn úsáid fuinnimh a laghdú, áit a bhfuil siad freagrach as áitreabh nua nó a bhfuil athchóiriú mór déanta ar fhoirgnimh agus/nó i bhfoirgnimh a bhfuil siad lonnaithe ann. Faoin Ionstraim Reachtúil (IR) 542 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht fuinnimh na críochúsáide agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009, tá oibleagáidí faoi leith ag an earnáil phoiblí maidir le húsáid fuinnimh a thuairisciú.

Tá SOLAS tiomanta ó thaobh cur le coigilteas fuinnimh éifeachtach infhíoraithe de 50% a bhaint amach san Earnáil Phoiblí faoi 2030 i gcomhréir le Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí. I gComhpháirt le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), déanann SOLAS a úsáid fuinnimh a thuairisciú go gníomhach chomh maith le

monatóireacht a dhéanamh uirthi, agus cuireann sé straitéisí agus bearta i bhfeidhm chun coigilteas spriocdhírthe a bhaint amach agus an sprioc maidir le sin a shárú fiú, nuair is féidir. Glacann SOLAS lena fhreagracht ó thaobh deimhin a dhéanamh de tionchar a gcuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí ar an timpeallacht áitiúil agus níos faide i gcéin a laghdú a oiread agus is féidir. Tríd an gCóras Bainistíochta Dramhaíola, agus i gcomhar leis an gConraitheoir Bainistíochta Dramhaíola, tá gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm ag SOLAS a chinntíonn go mbaintear ardleibhéal amach ó thaobh athchúrsála dramhaíola de, chomh maith le híoslaghdú a dhéanamh ar an méid dramhaíola a chuirtear chuig an láithreán líonadh talún.

Tá SOLAS tiomanta do dhea-chleachtas i dtaca le feasacht comhshaoil agus cleachtais soláthair atá neamhdhiobhálach don timpeallacht, chomh fada agus is féidir. Leanfar ar aghaidh le tosaíochtaí na bliana 2025 sa bhliain 2026, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar chostais fuinnimh chomh maith le hiad a rialú, iniúchadh fuinnimh, béim ar éifeachtúlachtaí agus coigilt fuinnimh nuair atá trealamh á fháil agus Dearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh a chur i bhfeidhm maidir le haon tionscadal ábhartha a thagann chun cinn.

> **SOLAS – Dualgas Comhionannais agus Chearta Duine na hEarnála Poiblí**

Leagann Dualgas Comhionannais agus Cearta Duine na hEarnála Poiblí (an Dualgas) oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí fáil réidh le leithcheal, chomh maith le comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cosaint a dhéanamh ar chearta daonna ina gás siúd a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh agus baill foirne le linn dóibh a bheith

i mbun a gcuid oibre ó lá go lá. I mí Iúil 2021, thug SOLAS faoi aistear chun a oibleagáidí maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i gcrích. Oibríonn meitheal tras-eagraíochta ar a bhfuil seacht mball foirne déag as na trí Rannán, i gcomhar le Saotharlann Luachanna, chun an Dualgas a dhaingniú in SOLAS.

Tá trí chéim sa phróiseas chun an Dualgas a chur i bhfeidhm – Measúnú, Dul i nGleic agus Tuairisciú ar bhonn bliantúil. Rinneamar athmheasúnú ar na saincheistean Comhionannais agus Cearta an Duine a bhaineann le SOLAS in 2024. Beidh an Tuarascáil maidir le Gníomhartha le haghaidh 2025 ar fáil ar www.solas.ie.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025:

- Leathnú ar an nGrúpa Oibre ar Dhualgas Earnála Poiblí chun gníomhaíocht EDI uile SOLAS a chuimsiú, le Téarmaí Tagartha leasaithe arna bhfaomhadh ag an bhFoireann Sinsearach Ceannaireachta. Athbhunaíodh an grúpa oibre go foirmiúil mar Ghrúpa Oibre SOLAS um Chomhionannas agus Cearta an Duine.
- Ghlac SOLAS le comhlíonadh feabhsaithe Dhualgas Comhionannais agus Cearta Duine na hEarnála Poiblí, rud a léiríonn treoir agus ceanglais nuashonraithe arna n-eisiúint ag IHREC.
- Rinneadh breithnithe Comhionannais agus Cearta an Duine a chomhtháthú go córasach i gCreat Oideachais Pobail.
- Forbraíodh sraith uirlisí praiticiúla chun tacú le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Dualgais ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear:
 - Teimpléad Measúnaithe Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine

- creat chun plean gníomhaíochta bliantúil agus tuarascáil bhliantúil an Dualgais a fhorbairt
- treoir maidir leis an Dualgas a leabú i bpróisis soláthair
- treoir maidir leis an Dualgas a leabú i bpleanáil chorparáideach agus ghnó.

- Rinneadh rannpháirtíocht leis an Oifig Náisiúnta Printíseachta (NAO) chun tacú le háireamh an Dualgais i suirbhéanna NAO.
- Tá uirlis soláthair tiomnaithe chun tacú le cur i bhfeidhm an Dualgais beagnach críochnaithe.
- Thuairiscigh SOLAS ar phríomhdhoiciméid Dualgais do 2024 agus 2025 go poiblí agus d'fhoilsigh sé iad ar www.solas.ie.
- Bhain SOLAS stádas 'Foilsithe go hlomlán' amach i dTuarascáil Monatóireachta Sonraí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) do 2024.

➤ **Tuairisciú Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG)**

Tá SOLAS tiomanta dár gcur chuige straitéiseach Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG) a chur i bhfeidhm maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta le tiomantas bríoch do thionchar dearfach comhshaoil agus pobail, agus ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh á gcothabháil agus á neartú ag an am céanna. Creidimid go mbeidh buntáistí buana mar thoradh ar éifeacht charnach ár n-iarrachtaí ESG dár bpobail áitiúla agus níos leithne agus dár bpáirtithe leasmhara, ag cur comhionannas chun cinn agus ag déanamh réaltacht den saol inbhuanaithe do gach foghlaimeoir, pobal agus gnólacht ar fud na tíre.

Chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, tá ár dTreochlár um Shainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide den Earnáil Phoiblí (PSCAM) á chur i bhfeidhm againn chun úsáid fuinnimh a laghdú agus cuspóirí straitéis fhadtéarmach na hÉireann maidir le laghdúithe astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh. Chun ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú, táimid ag cur gníomhartha inmheánacha i bhfeidhm chun ár leibhéil dramhaíola agus truaillithe a laghdú trí thionscadail bainistithe dramhaíola agus uisce.

Éilítear le forbairt inbhuanaithe scileanna agus inniúlachtaí nua. Táimid ag forbairt agus ag soláthar oiliúna i scileanna glasa agus inbhuanaitheachta, lena n-áirítear micreacháilíochtaí, i gcomhpháirtíocht lenár gcomhpháirtithe BOO.

Leanfaimid de mhaoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt earnáil FET den scoth in Éirinn, ag soláthar conairí le haghaidh fáis phearsanta agus ghairmiúil do gach duine i ngach pobal.

Ciallaíonn ár stádas agus ár sainchúram mar chomhlacht maoinithe agus straitéise do FET go síneann ár dtionchar ESG i bhfad níos faide ná ár ngar-eagraíocht.

Táimid ag obair chun a áirithiú go mbeidh ár mbonneagar réidh don todhchaí trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí íseal-astaíochtaí agus i nuálaíocht theicneolaíoch. Oibreoimid chun a áirithiú go mbeidh an buiséad, os cionn €1 billiún, a infheistítear ar fud na BOOnna, ina thiománaí don uasoiliúint ghlas is gá le haghaidh gníomhaithe éifeachtacha ar son na haeráide, agus go n-úsáidfear agus go gcaitear é i gcomhréir le prionsabail láidre ESG. In 2024, bhí bród orainn an chéad straitéis náisiúnta breisoideachais agus oiliúna don aistriú glas a sheoladh 'Scileanna Glasa 2030', ina leagtar amach freagairt na hearnála FET do na riachtanais scileanna glasa atá ag teacht chun cinn chun tacú le haistriú na hÉireann chuig geilleagar agus sochaí níos glaise.

Táimid tiomanta do dheiseanna fostaíochta den scoth a chruthú agus forbairt fhadtéarmach agus folláine ár lucht saothair a chothú. Is é ár n-aidhm a bheith ina rogha fhostóirí. Táimid tiomanta d'fhorbairt agus d'oiliúint foirne, don bhearna pá inscne a laghdú agus do thacú le socruithe oibre éagsúla. Déanaimid iarracht tallann éagsúil a fhostú agus ár bhfostaithe a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar chlaontachtaí trí thionscnaimh Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe (EDI).

Tá cur chuige stuama glactha ag SOLAS maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, eadhon, an clár oibre inbhuanaitheachta a mheas mar eagraíocht fhreagrach. Dá bhrí sin, in 2023, chuireamar fáilte roimh an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD), i bhfianaise a cumas treoir agus struchtúr tacaíochta a sholáthar do thuairisciú

ESG, mar gheall ar an bhfócas méadaithe ar chearta agus saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais, chomh maith le trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú ina leith seo.

Leanfaimid de mhonatóireacht a dhéanamh ar gach tionscnamh ábhartha sa réimse seo, eadhon creata agus caighdeáin rialála agus tuairiscithe idirnáisiúnta agus náisiúnta maidir le ESG agus tuairisciú inbhuanaitheachta agus céimeanna a bhaineann le cleachtais ghnó inbhuanaithe a chur chun cinn agus trédhearcacht a fheabhsú.

Tá sé mar aidhm againn fanacht i riocht maith chun tuairisciú ardleibhéil eolach agus comhlíonadh na gcreat agus na gceanglas ábhartha rialála agus dlí a áirithiú, a mhéid is infheidhme maidir le heagraíocht na hearnála poiblí. Tá an obair seo le bheith úsáideach freisin chun deiseanna agus sineirgí a aithint idir ceanglais tuairiscithe trasnacha, agus é mar aidhm acu iad seo a shruthlíniú.

Leanfaidh SOLAS de thacú le gníomhaíochtaí uile-rialtais agus de pháirt a ghlacadh iontu, agus é mar aidhm acu inbhuanaitheacht a chomhtháthú i ngach gné den tseirbhís phoiblí, chomh maith le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) a ionchorprú i mbeartais agus i dtionscnaimh náisiúnta, ag cinntiú go ndéantar gach sprioc a shaothrú go gníomhach. Léiríonn sé seo an tiomantas náisiúnta athnuaite do chlár oibre na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe sa Chlár Rialtais nua agus an fhís chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach trí iarrachtaí oideoirí, lucht déanta beartas, cleachtóirí agus saoránach trí fhoghlaim, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí.

Táimid ag tnúth lenár spriocanna ESG a chothabháil, a neartú agus a leathnú agus le leanúint ar aghaidh le hathruithe dearfacha a chur chun tosaigh.

➤ **An tAcht um Eiticí in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001**

Tháinig SOLAS faoi réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoi réir an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 le héifeacht ón 29 Eanáir 2015.

➤ **Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI), 2014**

Baineann forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 le SOLAS. Bunaítear trí cheart reachtúla faoin Acht:

- Ceart dlíthiúil ag gach duine teacht ar fhaisnéis bailithe ag comhlachtaí poiblí.
- Ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil a bhaineann leo féin a leasú i gcás ina bhfuil sé neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, agus
- Ceart dlíthiúil ag gach duine fios a bheith acu faoi na cúiseanna taobh thiar de chinntí bainteach leo.

Sa bhliain 2025, fuair SOLAS seacht n-iarratas ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

➤ **Acht na dTeangacha Oifigiúla**

Achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 (Acht 2021) i mí na Nollag 2021, chun athruithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Acht 2003) a thabhairt isteach. Le linn na bliana 2025, théadh SOLAS i mbun teagmhála go rialta leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus leis an gCoimisinéir Teanga chun a chinntiú go bhfuil SOLAS ag cloí leis na ceanglais atá leagtha amach san Acht.

➤ **An tAcht um Íocaíocht Pras Cuntas, 1997**

Tá bord SOLAS go hiomlán freagrach as conas a dhéanann an eagraíocht an tAcht um Íocaíocht Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh. Thug Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála, 2012) leasuithe suntasacha isteach ar an gceanglas um Íoc Pras faoi mar atá san Acht. D'fhág an Bord an fhreagracht seo faoi lucht bainistíochta SOLAS. Cuimsíonn an córas um rialú inmheánach airgeadais a leithéid de rialuithe agus nósanna imeachta a mheastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. Mar chuid de chóras rialuithe inmheánacha na heagraíochta tá rialuithe cuntasáíochta agus ríomhaireachta atá deartha sa chaoi is go n-aithníonn siad na sonraisc agus na conarthaí atá le híoc laistigh de na dátaí íocaíochta atá leagtha síos. Dearadh na rialuithe seo sa chaoi is gur féidir a bheith réasúnta cinnte, cé nach féidir a bheith céad faoin gcéad cinnte, go seachnófar neamhchomhlíonadh an Achta.

Is deimhin leis an mBord gur, le linn na bliana 2025, chloígh SOLAS le forálacha an Achta i ngach cás ábhartha. San iomlán, íocadh suim de €9,281.27 do 2025 maidir le pionóis úis a gearradh de bharr íocaíocht a bheith déanach.

Ráiteas Rialachais agus
Tuarascáil Chomhaltaí Boird



Cuid 06: Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Cuirtear an Ráiteas Rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird i láthair i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 agus le treoirlinnte a eisíodh i mí na Samhna 2017.

> Rialachas

Bunaíodh Bord SOLAS faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013. Leagtar amach feidhmeanna SOLAS in ailt 7, 8 agus 9 den Acht. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird i Sceideal na nÁbhar atá forchoimeáda don Bhord. Tá an Bord freagrach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Téann sé i mbun an tasc seo trí chuspóirí straitéiseacha agus spriocanna a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach croicheist ghnó. Is faoin POF agus foireann cheannaireachta shinsearach SOLAS atá sé SOLAS a bhainistiú, a rialú, agus a stiúradh ar bhonn laethúil. Leanann an POF agus foireann cheannaireachta shinsearach SOLAS an treo straitéiseach ginearálta atá leagtha síos ag an mBord agus déanann siad deimhin de gur riléir do Chomhaltaí uile Boird na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas agus aon riosca suntasach a d'fhéadfadh titim amach. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta SOLAS.

> Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i Sceideal na nÁbhar atá forchoimeáda don Bhord. Is iad na nithe leanúnacha a dhéanann an Bord iad a mheas ná:

- leasanna a dhearbhu,
- tuarascálacha ó choistí;
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair fhorchoimeáda.

Ceanglaítear ar Bhord SOLAS, faoi alt 31(1) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, gach cuntas cuí agus gnáth ar airgead a fhaightear agus a chaitheann sé a choinneáil, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Seirbhísí Poiblí, Athchóirithe agus Digitithe. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar Bhord SOLAS:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé i mbun gnó, agus

- a rá cé acu a leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme nó nár leanadh, ag brath ar aon athrú ábhartha a nochtadh agus a tugadh míniú faoi sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta fhónta a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon am faoi leith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 31(2) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Ag a chruinniú ar an 27 Márta 2025, d'fhormheas an Bord an plean caiteachais chaipitil foriomlán 2025 agus tugadh nuashonruithe ar an gcaiteachas pleanáilte agus formheasadh iad ag cruinnithe Boird ina dhiaidh sin i rith na bliana.

D'fhormheas an Bord buiséad SOLAS 2025 ag a chruinniú ar an 27 Márta 2025. Ceadaíodh buiséad forlíontach ina dhiaidh sin ag an gcruinniú ar an 13 Samhain 2025. I rith na bliana, cheadaigh an Bord coigeartuithe ar leithdháiltí maoinithe BOO. Ceadaíodh maoiniú breise le leithdháileadh ar BOOnna i mí na Nollag 2025.

Cuireadh tús le hobair in 2025 ar fhorbairt Straitéise FET cúig bliana nua 2026-2030, ag leanúint ar aghaidh ó Straitéis FET 2020-2024, ina raibh an treo straitéiseach don earnáil FET leagtha amach. Soláthraíonn Plean Corparáideach SOLAS 2024-2026, ina leagtar amach réimse spriocanna earnálacha náisiúnta maidir le soláthar FET arna gcomhaontú leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, creat breise chun soláthar FET a fhorbairt

mar aon le réasúnaíocht don chur chuige maoinithe. Bunaíodh Comhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta idir SOLAS agus gach ceann de na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna déag chun an comhthéacs, na tosaíochtaí straitéiseacha agus ionchuir aonair BOO a leagan amach chun cuspóirí earnála náisiúnta a bhaint amach thar tréimhse na straitéise.

D'fhormheas an Bord an cur chuige maidir le soláthar Breisoideachais agus Oiliúna sa bhliain 2025 agus an buiséad gaolmhar ag a chruinniú ar an 27 Márta 2025, agus tugadh tuilleadh nuashonruithe don Bhord ag cruinnithe Boird ina dhiaidh sin trí thuarascálacha míosúla an POF agus an POF eatramhaigh.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a chur i bhfeidhm chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais SOLAS léargas cothrom fíor ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais SOLAS amhail an 31 Nollaig 2025.

> **Struchtúr an Bhoird**

Tá cathaoirleach agus 12 ghnáthchomhalta ar an mBord agus ceaptar iad ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht. Ag tús na bliana 2025, ní raibh aon fholúntais ar Bhord SOLAS. D'éirigh an tUasal Andrew Brownlee, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus comhalta ex officio de Bhord SOLAS, a athcheapadh in 2024 don dara téarma, as SOLAS ar an 30 Meán Fómhair 2025. Cheap an tAire

Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an tUasal James Lawless, TD, Nessa White Uasal mar POF eatramhach agus mar chomhalta ex officio de Bhord SOLAS don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Márta 2026. Ar an 1 Aibreán 2026, cheap an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an tUasal James Lawless, TD, Deirdre McDonnell Uasal mar POF SOLAS.

Le linn 2025, chríochnaigh an gnáthchomhalta Boird, Catrina Sheridan Uasal, a dara téarma oifige ar an 26 Deireadh Fómhair 2025. Mar thoradh air sin, bhí folúntas amháin fágtha ar an mBord ag deireadh 2025. Ceapadh an Dr. Barry O'Connor mar chomharba ar Catrina Sheridan ar an 1 Aibreán 2026.

Bord SOLAS amhail mí na Bealtaine 2026

						
Seán Aylward Cathaoirleach, Iar-Ard-Rúnaí, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	Susan Colley-Doyle Stiúrthóir Airgeadais agus Tacaíochta Gnó, Teach Carton	Sheila Gallagher Príomhoifigeach Airgeadais, Coláiste Rioga Lianna na hÉireann	An Dr Kevin Marshall Ceann Scileanna Todhchaí, Microsoft Éireann	Michael Murphy Príomhoide, Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, MSLETB	Niall O'Donnellan Comhairleoir Straitéise Neamhspleách	Deirdre McDonnell POF, SOLAS
						
Patrick Atkinson Príomhfheidhmeannach, Chadwicks Group	Orla Coughlan Comhairleoir Bainistíochta agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin	Dearbháil Lawless POF, Aontas	Jim Meade Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Iarnród Éireann	An Dr Barry O'Connor Uachtarán Emeritus, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Comhairleoir Oideachais Neamhspleách	Siobhan O'Shea Stiúrthóir, Indeed	

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'imigh Catrina Sheridan ón mBord tar éis dá dara téarma oifige a bheith thart.
I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'imigh Andrew Brownlee ón mBord freisin mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) atá ag imeacht as oifig.
I mí an Mhárta 2026, d'imigh Nessa White ón mBord mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach.

Sa tábla thíos, tugtar eolas faoi na Comhalta Boird sa bhliain 2025 agus faoin dáta ar ar ceapadh/athcheapadh iad nó deireadh a dTéarma Oifige:

	Ball Boird	Ról	Dáta Ceaptha/Athcheaptha
1	Seán Aylward	Cathaoirleach	Athcheapadh é don dara téarma - 13.11.24
2	Patrick Atkinson	Gnáthbhall	01.07.24
3	Susan Colley-Doyle	Gnáthbhall	01.07.24
4	Orla Coughlan	Gnáthbhall	Athcheapadh í don dara téarma - 31.05.24
5	Sheila Gallagher	Gnáthbhall	01.06.23
6	Dearbháil Lawless	Gnáthbhall	02.04.24
7	Kevin Marshall	Gnáthbhall	06.07.22
8	Jim Meade	Gnáthbhall	31.05.24
9	Michael Murphy	Gnáthbhall	31.05.24
10	Niall O'Donnellan	Gnáthbhall	01.06.23
11	Siobhán O'Shea	Gnáthbhall	06.07.22
Tháinig an dara Téarma Oifige chun deiridh	Catrina Sheridan*	Gnáthbhall	Athcheapadh í ar an 27.10.22 agus tháinig an dara téarma oifige chun deiridh ar an 26.10.25
Cuireadh deireadh leis an Téarma Oifige	Andrew Brownlee	POF Comhalta ex officio	Athcheapadh é don dara téarma mar POF SOLAS ón 02.09.24 go dtí an 01.09.27. D'éirigh sé as SOLAS ar an 30.09.2025
12	Nessa White	POF eatramhach Comhalta ex officio	Ceapadh í mar POF eatramhach ar SOLAS le héifeacht ón 01.09.2025 go dtí an 31.03.2026
13	* (Folúntas i ndiaidh dheireadh théarma Catrina Sheridan)		

Cuireann Alt 4.6 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 ceangal ar an mBord tabhairt faoi Athbhreithniú Bliantúil ar a fheidhmíocht agus dul faoi mheastóireacht sheachtrach gach trí bliana ar a laghad. Rinne an Institiúid Riaracháin Phoiblí (IPA) an mheastóireacht sheachtrach is déanaí ar an mBord in 2022 agus bhreithnigh an Bord na torthaí ag cruinniú tiomnaithe ar an 22 Bealtaine 2022. In 2025, d'iarr an Bord go ndéanfaí seirbhísí a sholáthar ionas go ndéanfaí athbhreithniú seachtrach 2025 ar fheidhmíocht an Bhoird a luaithe is féidir in 2026, agus tá sé seo ar siúl faoi láthair.

Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí seisear (50%) ban agus seisear (50%) fear ar an mBord, lena n-áirítear post amháin a bhí folamh níos déanaí tar éis dheireadh an dara téarma oifige ag Catrina Sheridan Uasal ar an 26 Deireadh Fómhair 2025. Dá bhrí sin, comhlíonann comhdhéanamh Bord SOLAS sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i gcomhaltas na mBord Stáit.

Coistí an Bhoird

Tá trí Choiste ar an mBord:

- An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca
- An Coiste um Pleanáil Straitéiseach
- Coiste Caipitil Dhaonna (An Coiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraíochtúil roimhe seo; athainmnithe in 2025)

An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca: tá triúr comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin air. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca ná tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú bainteach le seo. Tá an Coiste neamhspleách ó bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Co háirithe, cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Cuireann an Coiste tuairisc faoi bhráid an Bhoird tar éis gach cruinnithe agus go foirmeálta i scríbhinn go bliantúil.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste:

- Sheila Gallagher - Cathaoirleach
- Patrick Atkinson – ón 28 Eanáir 2026
- Susan Colley-Doyle
- Catrina Sheridan - go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2025*
- Peter Buckley - Comhalta Neamhspleách

Athruithe ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca *

Chríochnaigh Catrina Sheridan a dara Téarma Oifige mar chomhalta den Bhord agus mar chomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 26 Deireadh Fómhair 2025.

Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca in 2025.

An Coiste Pleanála: Straitéisítá ceathrar comhaltaí Boird air. Is é ról an Choiste um Pleanáil Straitéiseach ná béim straitéiseach a choimeád ar Straitéis SOLAS um Breisoideachas agus Oiliúint agus Plean Corparáideach SOLAS maidir le feidhmiú fheidhmeanna na heagraíochta agus riaradh a ghnó.

Soláthraíonn an Coiste maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar fhorbairt Phlean Corparáideach SOLAS i gcomhthéacs na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna agus freagrachtaí eile SOLAS.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste:

- Kevin Marshall - Cathaoirleach
- Dearbháil Lawless
- Niall O'Donnellan
- Patrick Atkinson – ón 19 Meán Fómhair 2024 go dtí an 27 Eanáir 2026*

Athruithe ar an gCoiste Pleanála Straitéisí *

Cé nach raibh aon athruithe ann in 2025, chuaigh an tUasal Patrick Atkinson isteach sa Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca ar an 28 Eanáir 2026 (tar éis dheireadh théarma oifige Catrina Sheridan ar an 26 Deireadh Fómhair 2025).

Bhuail an Coiste le chéile trí huaire in 2025.

Coiste Caipitil Dhaonna (An Coiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraíochtúil roimhe seo): tá triúr comhaltaí Boird ann. Is é cuspóir an Choiste comhairle agus dearbhú a thabhairt don Bhord maidir le gach ábhar a bhaineann le clár oibre an Chaipitil Dhaonna. Áirítear leis seo pleanáil agus forbairt lucht oibre agus eagraíochtúil agus luach saothair, monatóireacht ar an lucht oibre, comhionannas agus éagsúlacht lena n-áirítear straitéis, beartas agus monatóireacht laistigh den eagraíocht; Cultúr agus Luachanna; Rannpháirtíocht Fostaithe; Athrú agus athstruchtúrú eagraíochtúil.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Caipitil Dhaonna:

- Orla Coughlan - Cathaoirleach
- Michael Murphy
- Siobhan O'Shea

Bhí dhá chruinniú den Choiste Caipitil Dhaonna in 2025.

Ní raibh aon athruithe ar an gCoiste Caipitil Dhaonna.

Coistí Boird eile in 2025

Chomh maith leis na trí Choiste atá leagtha amach sna míreanna roimhe seo, bunaíodh Coiste Boird um Earcaíocht POF chun maoirseacht a dhéanamh ar earcaíocht POF nua tar éis do Andrew Brownlee a fhágáil ar an 30 Meán Fómhair 2025.

Bunaíodh Coiste Printiseachta i mí Dheireadh Fómhair 2025 chun maoirseacht agus dearbhú a sholáthar do Bhord SOLAS maidir le gach ábhar dearbhaithe cáilíochta (QA) a bhaineann le printiseachtaí ceardaíochta a eascraíonn as Athbhreithniú Dírithe QQI 2025 ar Chur i bhFeidhm agus Éifeachtacht a Nósanna Imeachta QA ag SOLAS faoi Alt 34(1)(b) den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Bunaítear an Coiste seo mar ghrúpa sainchuspóireach ar feadh ré chur i bhfeidhm an QIP, agus discailfear é nuair a bheidh an QIP críochnaithe nó de réir mar a ordóidh Bord SOLAS.

Sceideal Tinrimh, Táillí, agus Costais

Leagtar amach thíos Sceideal Tinrimh maidir le cruinnithe Boird agus Coiste le linn 2025 lena n-áirítear na costais a fuair gach comhalta.

De réir cheanglais Mhír 1.4(iv) den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit – Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais 2016, nochtar thíos táillí agus costais a íocadh leis an mBord sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025.

Le héifeacht ón 1 Samhain 2022 agus i gcomhréir le Cuid 13 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 agus le Cuid 2 den Iarscríbhinn ar Luach Saothair agus Aoisliúntais den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, íoctar Táillí Boird le Bord SOLAS.

Tá feidhm ag an bprionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin a chiallaíonn nach féidir táillí boird a íoc le fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus san earnáil phoiblí a shuíonn ar bhoird stáit.

Tháinig an Bord le chéile naoi n-uaire sa bhliain 2025 (ocht ngnáthchruinniú agus cruinniú Straitéise Boird amháin).

Líon na gcrúinnithe a sceidealadh/ a ndearnadh freastal orthu	Bord	An dáta ar ar ceapadh na Comhaltaí Boird	Coiste um Iniúcháireacht & Riosca	An Coiste um Pleanáil Straitéiseach	Coiste Caipitil Dhaonna (An Coiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraíochtúil roimhe seo)	Táilli 2025 €	Costais 2025 €
Líon na gcrúinnithe a tionóladh le linn na bliana 2025	9		4	3	2		
AYLWARD, Seán	9/9	Téarma 1 – 13.11.19 – 12.11.24 Téarma 2 – Athcheaptha 13.11.24 – 12.11.27				20,520	0
ATKINSON, Patrick	8/9	01.07.24		1/2		11,970	0
COLLEY-DOYLE, Susan	8/9	01.07.24	4/4			11,970	0
COUGHLAN, Orla	8/9	Téarma 1 – 25.03.19 – 24.03.24 Téarma 2 – Athcheaptha 31.05.24 – 30.05.27			2/2	11,970	9,709
GALLAGHER, Sheila	8/9	01.06.23	4/4			11,970	0
LAWLESS, Deárbhail	7/9	02.04.24		3/3		0	0
MARSHALL, Kevin	8/9	06.07.22		3/3		11,970	0
MEADE, Jim	9/9	31.05.24				1,995	0
MURPHY, Michael	9/9	31.05.24			2/2	0	5,348
O'DONNELLAN, Niall	9/9	01.06.23		3/3		11,970	0
O'SHEA, Siobhan	9/9	06.07.22			2/2	11,970	0
SHERIDAN, Catrina	7/7	Téarma 1 – 27.10.17 – 26.10.22 Téarma 2 – 27.10.22 – 26.10.25	3/3			9,975	0
BROWNLEE, Andrew (ex Officio)	7/7	Téarma 1 – 02.09.19 – 01.09.24 Téarma 2 – Athcheaptha 02.09.24 - 01.09.27 Éirithe as: 30.09.25		2/3		0	0
WHITE, Nessa (ex officio)	4/4	Ceapadh í ina POF eatramhach le héifeacht ón 01.09.25 go dtí an 31.03.26		1/1		0	0
Iomlán						116,280	15,057

Nochtuithe atá Éigeantach faoin gCód Cleachtais um Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a áirithiú go bhfuil SOLAS – Údarás Breisoideachais agus Oiliúna – tar éis cloí le ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Seirbhísí Poiblí, Athchóirithe agus Digitithe i mí Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe seo a leanas éigeantach faoin gCód:

Costais Sainchomhairleoireachta

Tagann comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta faoi scáth costas comhairleoireachta chomh maith le feidhmeanna “ghnó mar is gnáth” a chuirtear amach ar conradh. Muirearaíodh na costais chomhairleoireachta seo a leanas i leith forchostas:

	2025 €	2024 €
Dlíthiúil (comhairle dhlíthiúil ghinearálta)	510,559	318,202
Comhairle airgeadais/achtúireach	36,839	7,319
Acmhainní Daonna & Pinsean	5,720	10,578
Forbairt Ghnó/TFC	81,134	163,795
Deontais Eile*	5,843	0
Costais Chomhairleoireachta Iomlána	640,095	499,894
<i>Costais chomhairleoireachta muirearaithe i leith loncaim agus i leith Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe</i>	<i>640,095</i>	<i>499,894</i>

Muirearaíodh na costais chomhairleoireachta seo a leanas i leith chostais dhíreacha an chláir le linn na bliana 2025:

	2025 €	2024 €
Comhairle dhlíthiúil (comhairle dhlíthiúil ghinearálta)	0	0
Comhairle airgeadais/achtúireach	0	0
Acmhainní Daonna	0	0
Forbairt Ghnó	24,165	115,488
Deontais Eile*	0	
Costais Chomhairleoireachta Iomlána	24,165	115,488
<i>Costais chomhairleoireachta muirearaithe i leith loncaim agus i leith Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe</i>	<i>24,165</i>	<i>115,488</i>

Costais Dlíthiúla agus Socruithe

Tugann an tábla seo a leanas miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlíthiúla, imeachtaí idir-réitigh agus eadrána, agus socraíochtaí a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear le seo caiteachas tabhaithe i dtaca le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a tugadh do SOLAS, comhairle a ndéantar í a nochtadh thuas i measc na gcostas comhairleoireachta.

	2025 €	2024 €
Táillí dlíthiúla de chuid SOLAS – imeachtaí dlí	1,943	8,255
Táillí dlíthiúla contrapháirtí – imeachtaí dlí	0	0
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	0	0
Socraíochtaí	12,000	65,000
Iomlán	13,943	73,255

Taisteal agus Costais Chothaithe

Rangaítear caiteachas ar thaisteal agus ar chothú mar seo a leanas:

	2025 €	2024 €
Intíre		
- Bord*	15,057	9,568
- Fostaithe•	346,740	318,611
Idirnáisiúnta		
- Fostaithe◊	22,296	22,829
Iomlán	384,093	351,008

* Íocadh €15,057 go díreach le comhaltaí Boird le haghaidh taistil agus cothaithe intíre agus níor íocadh aon rud thar ceann Chomhaltaí an Bhoird in 2025. (2024: íocadh €6,819 go díreach le comhaltaí Boird agus íocadh €2,749 thar ceann chomhaltaí Boird).

- Íocadh €346,740 go díreach le baill foirne sa bhliain 2025 le haghaidh taistil agus cothaithe intíre (2024: €317,367) agus níor íoc SOLAS aon rud thar ceann na foirne (2024: €1,244).
- ◊ Íocadh €16,489 go díreach le baill foirne i dtaisteal agus i gcothú thar lear sa bhliain 2025 (€15,708 sa bhliain 2024) agus €10,182 a d'íoc SOLAS thar ceann na foirne (€14,604 sa bhliain 2024), agus €4,375 a aisíocadh le SOLAS ó Thriú Páirtithe (€7,483 sa bhliain 2024).

Caiteachais Fáilteachais

Mar chuid den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas:


	2025 €	2024 €
Fáilteachas/Folláine Foirne	29,346	42,615
Fáilteachas maidir le Cliant~	44,618	45,935
Iomlán	73,964	88,550

~ Áirítear le Fáilteachas Cliant imeachtaí Printísigh na Bliana agus Fostóir Printíseachta na Bliana araon.

Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá SOLAS i gcomhréir iomlán leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Seirbhísí Poiblí, Athchóirithe agus Digitithe i mí Lúnasa 2016.

Sínithe ag:



Seán Aylward
Cathaoirleach, SOLAS
Dáta: 20 Bealtaine 2026



Deirdre McDonnell
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS
Dáta: 20 Bealtaine 2026

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí de chuid SOLAS

Faoi Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, bunaíodh An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) le héifeacht ó 27 Deireadh Fómhair, 2013.

Faoi Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, tá feidhmeanna ginearálta de chuid SOLAS sainithe mar seo a leanas:

- (a)** (a) an tAire a ullmhú agus ábhair a chur faoina b(h) ráidstraitéis maidir le breisoideachais agus oiliúint a sholáthar;
- (b)** meas an phobail ar an bhfiúntas a bhaineann le breisoideachas agus oiliúint a neartú;
- (c)** dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí, leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le fostóirí ó am go ham ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh maidir le cén cláir bhreisoideachais agus oiliúna nó cén aicmí de na cláir bhreisoideachais agus oiliúna gur cheart don tSeirbhís airgead a thabhairt ar airleacan dóibh;
- (d)** réamhiocaíocht a dhéanamh ar airgead le Boird Bhreisoideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí eile atá i mbun chláir bhreisoideachais agus Oiliúna a sholáthar.
- (e)** oiliúint agus athoiliúint le haghaidh fostaíochta a sholáthar, nó socrú a dhéanamh chun an oiliúint sin a sholáthar agus cabhrú is comhordú a dhéanamh ar oiliúint den sórt sin a sholáthar trí bhithin daoine nach den tSeirbhís iad;

- (f)** measúnú a dhéanamh ar Bhoird Oideachais & Oiliúna agus comhlachtaí eile atá i mbun cláir bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar, agus a bhfuil airgead tugtha ar airleacan dóibh, le fáil amach an dtéann nó nach dtéann siad i mbun an chúraim seo ar bhealach eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach;
- (g)** socrúchán daoine a bhaineann le cibé aicme nó aicmí daoine a shonróidh an tAire Coimirce Sóisialaí tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, i gcláir bhreisoideachais agus oiliúna atá maoinithe, go hiomlán nó go páirteach, as airgead poiblí a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú;
- (h)** comhoibriú a chothú idir Boird Bhreisoideachais agus Oiliúna agus comhlachtaí eile atá i mbun chláir bhreisoideachais agus Oiliúna a sholáthar;
- (i)** comhionannas deiseanna a chur chun cinn i dtaca le breisoideachas agus oiliúint a sholáthar;
- (j)** cláir bhreisoideachais agus oiliúna nua agus cláir atá ann cheana a fhorbairt agus a éascú, lena n-áirítear córais a bhunú atá deartha chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an oideachais agus na hoiliúna atá i gceist lena chinntiú go bhfuil na cláir sin oiriúnach dá bhfeidhm;

- (k)** oiliúint a chur ar fáil, nó cabhrú le hoiliúint a chur ar fáil, oiliúint do dhaoine a bhfuil sé de chúram orthu cláir bhreisoideachais agus oiliúna a sheachadadh a bhfuil airgead faighte ón tSeirbhís acu ina leith;
- (l)** taighde a dhéanamh, nó a fhéachaint chuige go ndéanfar taighde maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse; agus
- (m)** comhairle a thabhairt don Aire maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhíse.

Ceanglaítear ar SOLAS faoi alt 31(1) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, cuntais bhliantúla a ullmhú, de réir mar a cheadóidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar SOLAS:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh SOLAS i mbun gnó, agus


- aon athrú ar chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus míniú a thabhairt orthu.

Tá SOLAS freagrach as taifid chuntasaíochta fhónta a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon am faoi leith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais mír 31(1) den Acht. Tá SOLAS freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnta a chur i bhfeidhm chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Chloígh SOLAS leis na ceanglais thuasluaite agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

D'fhaomh SOLAS na ráitis airgeadais ar an 23 Aibreán, 2026.

Sínithe ag:



Seán Aylward

Cathaoirleach, SOLAS

Dáta: 20 Bealtaine 2026



Deirdre McDonnell

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS

Dáta: 20 Bealtaine 2026

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais



An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS)

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais SOLAS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 31 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncain agus caiteachais
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais
- an ráiteas ar athruithe ar an gcuntas caipitil agus cúlchistí, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasafóchta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais SOLAS ar an 31 Nollaig 2025 agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2025 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar SOLAS agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis an bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir SOLAS faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear léi sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Bealtaine 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gcomhaltaí boird

Mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormaid atá leagtha amach faoi alt 31 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasafócht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuairiscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 31 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013 iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairiscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithefear míthuairiscí ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúcháireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca nach mbraithefear míthuairisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaos níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasafóchta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasafóchta agus an nochta lena mbaineann.

- Cinnim ar oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasafócht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil maidir le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas SOLAS leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo tuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo tuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí amach anseo deireadh a chur le SOLAS a bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasafóchta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasafóchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim cineál ar bith de thátail dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má tá cúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach 2025

> Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord na Seirbhíse Oideachais Leanúnaigh Agus Scileanna (SOLAS), glacaim lenár bhfreagracht as dea-rialachas, i gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais um Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach i bhfeidhm agus go ndéantar cothabháil air. Agus é i mbun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, tá an Bord tar éis leibhéil údarais atá sainithe go soiléir a fhágaint faoi Fheidhmeannas SOLAS agus faoi mbaill foirne fad is atá cinntí a bhaineann le nithe áirithe fágtha aige faoina mbreithiúnas féin.

> Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis go huile agus hiomlán agus mar sin ní féidir leis ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí, nó go ndéanfaí iad a thabhairt faoi deara go pras. Éilíonn an córas go bhfeidhmíonn an bhainistíocht líne, an Feidhmeannach agus na feidhmeanna Airgeadais, Soláthair agus Daoine rialú dian agus go dtuairisceoidh siad aon teipeanna suntasacha rialaithe don Bhord.

> Cumas chun Priacal a Láimhseáil

Bhí triúr ball den Bhord agus saineolaí seachtrach amháin ar an gCoiste um Iniúcháireacht agus Riosca (ARC) SOLAS ag tús na bliana 2025. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2025 go deireadh na bliana, tar éis dheireadh théarma oifige comhalta amháin den Bhord, bhí beirt chomhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin in ARC. Bhuail an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire le linn 2025.

Oibríonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh i SOLAS de réir na bPrionsabal Iniúcháireachta Inmheánaí mar a leagtar amach iad sa Chód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú 2016, agus Caighdeáin Iniúcháireachta Inmheánaí Domhanda Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha, a tugadh isteach in 2024. Tá obair an Iniúchta Inmheánaigh bunaithe ar phróifil anailíse riosca ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht; cuspóirí straitéiseacha; cumhdach iniúchta atá timthriallach; agus torthaí na n-iniúchtaí a rinneadh roimhe. Tá an obair seo dírithe go ginearálta ar na réimsí is mó seans riosca a bheith ann don eagraíocht.

D'fhaomh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Plean Iniúchta Inmheánaigh na bliana 2025, thar ceann an Bhoird. Le linn 2025, eisíodh ocht dTuarascáil Iniúchta Inmheánaigh, a chlúdaigh na réimsí Scileanna chun Dul Ar Aghaidh, Scileanna Domhanda Éireann, Litearthacht d'Aosaigh don Saol, Córais TF agus Slándáil, Scileanna chun Dul in Iomaíocht, Deontais Phrintiseachta d'Fhostóirí, Párolla, Pinsin, Taisteal agus Cothú,

agus Obair Leantach ar chur i bhfeidhm moltaí iniúchta inmheánaigh roimhe seo.

Buaileann an ARC le Ceann an Iniúchta Inmheánaigh, atá ar conradh seachtrach, go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar obair an iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Ar bhonn bliantúil, cuireann an ARC tuarascáil ar fáil don Bhord ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh na bliana.

Tá comhaontú i bhfeidhm idir an ARC agus an tAonad Iniúchta Inmheánaigh (IAU) de na BOOnna maidir le hionchur SOLAS i bplean iniúchta inmheánaigh bliantúil an IAU. Faigheann SOLAS tuarascálacha tuairimíochta iniúchta agus tuarascálacha earnála ón IAU freisin maidir le athbhreithnithe a rinneadh ar chaiteachas ar Bhreisoideachas agus ar Oiliúint.

> Creat um Rialú agus um Riosca

Déanann Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin SOLAS, a bhfuil gach Stiúrthóir Feidhmiúcháin i measc a comhaltaí, agus a bhfuil an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina chathaoirleach air, na próisis bhainistíochta riosca laistigh de SOLAS a chur chun cinn, a stiúradh agus déanann sé monatóireacht orthu. Chun cabhrú leis an bpróiseas seo, tá Stiúrthóir ag SOLAS atá freagrach as Cosaint Riosca agus Sonraí, agus Bainisteoir um Chosaint Riosca agus Sonraí. Tacaíonn siad leis an FCF i gcur le chéile agus in ullmhú tuarascálacha don CIR. Cuireann an Bord

agus ARC maoirseacht neamhspleách agus athbhreithniú ar fáil ar éifeachtacht SOLAS ó thaobh bhainistiú riosca de.

Tá próiseas oifigiúil curtha ar bun d'fhonn rioscaí gnó a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a bhainistiú agus mar chuid de seo tá:

- rioscaí a shainaithint agus cén cineál riosca atá i gceist a léiriú
- tuar a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh a leithéid arís
- aird a tharraingt ar na himpleachtaí airgeadais agus impleachta eile
- na rialuithe agus fachtóirí maolaitheacha
- clár Rioscaí Rannáin agus Corparáideacha a chothabháil
- plean chun rioscaí sainaitheanta a bhainistiú
- monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus é a thuairisciú
- déanann an lucht bainistíochta rioscaí a athbhreithniú ar bhonn leanúnach agus déanann an CIR athbhreithniú orthu ar bhonn oifigiúil dhá uair sa bhliain ar a laghad agus déanann an Bord athbhreithniú orthu gach bliain
- tá príomhrioscaí na n-aonad gnó ailinithe leis na pleananna gnó bliantúla.

Le linn 2025, bhreithnigh an Bord agus a Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca an cur chuige foriomlán maidir le Bainistiú Riosca. Cé gur comhaontaíodh go bhfuil córas cuimsitheach um bainistiú riosca i bhfeidhm, tá obair ar bun chun an córas seo a fheabhsú tuilleadh in 2026 lena n-áireofar measúnú riosca straitéiseach do gach plean agus straitéis ghnó, lena n-áirítear an Straitéis FET nua 2026-2030.

➤ **Monatóireacht ar bhonn leanúnach agus Athbhreithniú**

Tá An Bord tar éis bearta a chur i gcrích chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- freagrachtaí bainistíochta agus údarás a shonrú go soiléir agus cáipéisíocht a dhéanamh mar fhianaise fúthu
- a chinntiú gur riléir do lucht bainistíochta an slabhra ceannais ó thaobh freagrachta de
- nósanna imeachta foirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coiste éagsúla chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar beart ceartaitheach cuí
- cultúr láidir de chuntasacht a fhorbairt ar gach leibhéal den eagraíocht
- Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú a ghlacadh chugainn féin agus cloí leis
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an Bhoird
- a áirithiú go bhfuil an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca atá gníomhach mar chuid den timpeallacht rialaithe, chomh maith le feidhm Iniúcháireachta Inmheánaigh, tuarascálacha rialta an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don Bhord agus go gcuirfí faoi bhráid an Bhoird torthaí gníomhaíochta agus airgeadais - an mhí reatha agus an bhliain go dtí seo ag gach cruinniú.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat bainistithe faisnéise, beartas agus nósanna imeachta roinnte ar bhonn

rialta lena n-áirítear dualgais a scaradh, agus córas cuntasachta ina bhfághtar freagrachtaí faoi dhaoine áirithe Go háirithe i measc seo tá:

- príomhrioscaí a aithint agus rialuithe bainteach leo a chur i bhfeidhm chomh maith le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an oibríocht i gcás ina dtuairiscítear aon easnaimh aitheanta do Choiste Feidhmiúcháin um Riosca a Bhainistiú de chuid SOLAS agus don ARC.
- córas buiséadaithe cuimsitheach a chur ar bun agus buiséad bliantúil lena chois, buiséad a ndearna an Bord athbhreithniú air agus gur tháinig siad ar chomhaontú faoi. Cuimsítear leis sin próiseas pleanála gnó atá thar a bheith mionsonraithe, lena n-áirítear:
 - spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a mheas
 - athbhreithnithe ag an mBord ar Thuarascálacha Airgeadais míosúla agus bliantúla a léiríonn gníomhaíocht agus feidhmíocht airgeadais i leith na mbuiséad
 - nósanna imeachta soláthair seanbhunaithe faoina ndéantar earraí agus seirbhísí a fháil i gcomhréir le ceanglais soláthair an AE agus náisiúnta
 - go mbeidh aon iarratas ar thaisteal thar lear faoi réir formheas ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin
 - nósanna imeachta chun infheistíocht chaipitil a rialú atá de réir na dTreoirínte um Thograí Caiteachais Chaipitil a Mheasúnú agus a Bhainistiú, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais
 - Tá téarmaí agus coinníollacha maoinithe i bhfeidhm do gach Bord Oideachais agus Oiliúna agus

gníomhaireachtaí/comhlachtaí maoinithe, doiciméad maidir le paraiméadair a dhéanamh lena leagtar amach an próiseas pleanála gnó lena n-áirítear cuspóirí do gach bliain agus plean seirbhíse gnó cuimsitheach a ndéantar athbhreithniú air dhá uair sa bhliain

- Tá Comhaontuithe um Fheidhmíocht Straitéiseach idir SOLAS agus na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) i bhfeidhm don tréimhse 2022-2025.

> Soláthair

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm againn chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá SOLAS go hiomlán comhlíontach maidir le soláthar.

> Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar obair na nithe seo a leanas:

- Stiúrthóirí Feidhmeannacha/Stiúrthóirí/Bainisteoirí laistigh de SOLAS, atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh air
- Ceannasaí Iniúcháireachta Inmheánaigh
- an ARC, a dhéanann maoirsiú ar obair an Iniúcháireachta Inmheánaigh agus a dhéanann athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach


- na ráitis curtha amach ag Oifig an Aird-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile; agus
- rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht rialaithe faoin gCreat um Rialú Inmheánach ar an 26 Márta 2026. Dhirigh an t-athbhreithniú seo ar thorthaí an iniúchta inmheánaigh, ar an gClár Rialachais Chorporáidigh agus ar dhiúscairt sócmhainní seasta.

> Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon sárú ábhartha ar rialú inmheánach, cailtteanais ábhartha nó calaoisí i gcaitheamh na bliana.



Sínithe ag:



Seán Aylward

Cathaoirleach, SOLAS

Dáta: 20 Bealtaine 2026

Ráitis Airgeadais

07

Cuid 07: Ráitis Airgeadais


> Ráitis Airgeadais SOLAS 2025

I measc ár mbuaicphointí Airgeadais sa bhliain 2025, tá deontais Neamhchaipitil a íocadh amach chuig BOOnna arb ionann iad agus €1.151 billiún, Deontais Chaipitil arb ionann iad agus €83.7m. Tá €20.7m íoctha amach chuig soláthraithe FET eile, €819k do dheontais chiste Nuálaíochta agus Comhoibrithe Litearthacht d'Aosaigh don Saol, €5.091m faoin Deontas Fostóra Printíseachta agus €252k faoin Deontas Sparánachta Oifig Náisiúnta Printíseachta.

Lean an fhoireann Airgeadais le seirbhísí airgeadais, bainistíochta cuntasáíochta agus soláthair a sholáthar go pras do SOLAS de réir reachtaíochta agus dea-chleachtais. Tá SOLAS ainmnithe mar Chomhlacht Idirmheánach do chláir oirbriochta Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF+).

Cuireann Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (ESF+) cómhaoiniú ar fáil do réimse clár FET amhail gníomhaíochtaí Litearthachta do Dhaoine Fásta, Oiliúint Scileanna Sonracha, Droichid, Cúrsaí Oiliúna agus Ógtheagmháil.

Tá cómhaoiniú ESF+ ag cur go mór leis na cláir FET in Éirinn atá luaite thuas. Tá €26.5m ar an meán in aghaidh na bliana ar fáil le linn an Chláir seacht mbliana um Fhostaíocht, Ionchuimsiú, Scileanna agus Oiliúint (EIST) a ritheann ón mbliain 2021 go 2027.




SOLAS

An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025	2024
		€'000	€'000
Ioncam	2	1,248,329	1,175,879
Ús Faighte		9	9
Ioncam Iomlán		1,248,338	1,175,888
Caiteachas			
Costais Phárolla	5	20,548	19,387
Forchostais	5	8,588	7,910
Costais Oibriúcháin SOLAS		29,136	27,297
Costais Shocair Scoir	5	19,820	19,630
Costais na gClár	6	12,978	13,410
Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna	7(a)	1,151,058	1,080,068
Deontais do MDPSC*	7(b)	4,315	3,584
Deontais d'Eagraíochtaí san ‡ Earnáil FET	7(c)	12,618	11,971
Deontais Phrintíseachta d'Fhostóirí agus Eile	7(d)	5,343	6,269
Deontais do Chuibhreannais & Comhlachtaí Comhordúcháin	7(e)	3,642	3,748
Deontais maidir le LAS ~ Straitéis	7(f)	985	1,223
Deontais san Iomlán		1,177,961	1,106,863
Caiteachas Iomlán		1,239,895	1,167,200
Barrachas don bhliain		8,443	8,688

Tá Nótaí 1 go 19 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.
*Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha
‡ Breisoideachas agus Oiliúint
~ Litearthacht d'Aosaigh don Saol
Sínithe ag:


Seán Aylward
Cathaoirleach, SOLAS
Dáta: 20 Bealtaine 2026


Deirdre McDonnell
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS
Dáta: 20 Bealtaine 2026


SOLAS

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2025


	Nóta	2025	2024
		€'000	€'000
Barrachas don bhliain		8,443	8,688
Gnóchan/(Caillteanas) a bheith i gceist maidir le hoibleagáidí Shochair Scoir		(2,473)	(9,058)
Athruithe ar na bonn tuisceana atá mar bhonn faoi luach na nDliteanas Sochair Scoir reatha		29,142	10,602
Gnóchan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Shochair Scoir	12 (a)(v)	26,669	1,544
Coigeartú ar Mhaoiniú Shochair Scoir atá Curtha Siar		(26,669)	(1,544)
An Barrachas Iomlán Aitheanta don Bhliain		8,443	8,688

Tá Nótaí 1 go 19 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Sinithe ag:



Seán Aylward
Cathaoirleach, SOLAS
Dáta: 20 Bealtaine 2026



Deirdre McDonnell
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS
Dáta: 20 Bealtaine 2026


SOLAS

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025		2024	
		Amhail an 31 Nollaig 2025		Amhail an 31 Nollaig 2024	
		€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Neamhreatha					
Maoin, Gléasra & Trealamh	8		372		431
Sócmhainní Reatha					
Infháltais	9	1,348		1,502	
Airgead Tirim		11,929		11,642	
		13,277		13,144	
Dliteantais a thiocfaidh chun bheith dlite faoi cheann bliana					
Billí Inioctha	10	(4,304)		(3,930)	
Glansócmhainní reatha			8,973	9,214	
Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha roimh Oibleagáidí Shocair Scoir a Chur san Áireamh			9,345	9,645	
Dliteanais Shocair Scoir de chuid SOLAS	12(a)(ii)	(475,580)		(515,870)	
Maoiniú Shochair Scoir atá Curtha Siar	12(a)(ii)	475,580	0	515,870	0
Sócmhainní Iomlána			9,345	9,645	
Caipiteal agus Cúlchistí					
Cúlchiste Caipitil		372		431	
Cuntas Caipitil		506	878	502	933
Cúlchiste Ioncaim			8,467		8,712
			9,345	9,645	

Tá Nótaí 1 go 19 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Sínithe ag:



Seán Aylward
Cathaoirleach, SOLAS
Dáta: 20 Bealtaine 2026



Deirdre McDonnell
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS
Dáta: 20 Bealtaine 2026

SOLAS

Ráiteas faoi Sreafaí Airgid maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025	2024
		€'000	€'000
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas don bhliain		8,443	8,688
Úis Íoctha/(Faighte)		(9)	(9)
Aisiocaíocht déanta leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta		0	0
Aistriú ón gCúlchiste Ioncaim		(8,688)	(10,124)
Coigeartú ar nithe neamhairgid			
(Méadú)Laghdú ar Líon na nInfháltas	9	154	(210)
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníochta	10	374	736
Glan-Insreabhadh (Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		274	(919)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Fháil	8	(175)	(301)
Deontais Chaipitil Faighte	4	83,960	66,575
Deontais Chaipitil le BOOnna	7(a)	(83,781)	(66,224)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			
Úis Íoctha/(Faighte)		9	9
Glan-Insreabhadh (Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta/Airgeadais		13	59
Méadú/(Laghdú) ar Airgead i Rith na Bliana		287	(860)
Méid airgid ag tús na Bliana		11,642	12,502
Méid airgid ag deireadh na Bliana		11,929	11,642

Tá Nótaí 1 go 19 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Cuirtear an Barrachas in iúl nuair atá an dímhéas agus amúchadh ar Dheontais Chaipitil curtha san áireamh.

SOLAS

Ráiteas ar Athruithe ar an gCuntas Caipitil agus Cúlchistí, maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	Cúlchiste Ioncaim	Cuntas Caipitil	Cúlchistí Caipitil	Iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023		10,148	452	449	11,049
Barrachas don bhliain		8,688	0	0	8,688
Aistriú ón gCúlchiste Ioncaim #		(10,124)	0	0	(10,124)
Deontais Chaipitil Faighte	4	0	66,575	0	66,575
Deontais Chaipitil le BOOnna	7(a)	0	(66,224)	0	(66,224)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Fháil	8	0	(301)	301	0
Amúchadh ar Dheontas Caipitil - Dímheas	2 & 8	0	0	(319)	(319)
Costais Shocair Scoir					
Gnóchan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Shochair Scoir	12(a)(v)	1,544	0	0	1,544
Coigeartú ar Mhaoiniú Sochair Scoir ón Státchiste atá Curtha Siar		(1,544)	0	0	(1,544)
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2024		8,712	502	431	9,645

	Nóta	Cúlchiste Ioncaim	Cuntas Caipitil	Cúlchistí Caipitil	Iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2024		8,712	502	431	9,645
Barrachas don bhliain		8,443	0	0	8,443
Aistriú ón gCúlchiste Ioncaim #		(8,688)	0	0	(8,688)
Deontais Chaipitil Faighte	4	0	83,960	0	83,960
Deontais Chaipitil le BOOnna	7(a)	0	(83,781)	0	(83,781)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Fháil	8	0	(175)	175	0
Amúchadh ar Dheontas Caipitil - Dímheas	2 & 8	0	0	(234)	(234)
Costais Shocair Scoir					
Gnóchan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Shochair Scoir	12(a)(v)	26,669	0	0	26,669
Coigeartú ar Mhaoiniú Sochair Scoir ón Státchiste atá Curtha Siar		(26,669)	0	0	(26,669)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2025		8,467	506	372	9,345

Tá Nótaí 1 go 19 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Le cead ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, baineadh úsáid as barrachais na bliana roimhe sin agus tugtar cuntas orthu in ioncam na bliana reatha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

> 1 Beartais Chuntasaíochta

Is é seo a leanas bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta ar ghlac SOLAS chuige féin:

Bunú SOLAS

Bunaíodh SOLAS an 27 Deireadh Fómhair 2013 i gcomhréir leis an Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013.

Leagtar amach sna ráitis airgeadais seo torthaí SOLAS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 mar aon le comparáidí don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Leagtar amach feidhmeanna SOLAS in ailt 7 go 9 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013.

Eolas Ginearálta

Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá ráitis airgeadais faoi leith SOLAS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 ullmhaithe de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

Airgeadra

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in EURO agus déantar iad a shlánú go dtí an €'000 is gaire. Mar an gcéanna, is é an t-airgeadra feidhmiúil atá ag SOLAS ná an Euro.

Foirm Dhlíthiúil

Is Eintiteas Leas an Phobail é SOLAS i bPoblacht na hÉireann a bhfuil oifig chláraithe aige i mBloc 1, Teach an Chaisleáin Fhoirbis, Bóthar an Chaisleáin Foirbis, Baile Átha Cliath 1, Éire.

Soláthraíonn Eintiteas Leas an Phobail earraí nó seirbhísí ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne, leis an bpobal nó le leas sóisialta. I gcás ina gcuirtear caipiteal gnáthscaireanna ar bith ar fáil, is ar mhaithe le tacú le príomhchuspóirí an eintitis a chur i gcrích a dhéantar é sin seachas ar mhaithe le toradh airgeadais a thabhairt do sholáthraithe de chaipiteal gnáthscaireanna, do scairshealbhóirí nó do chomhaltaí.

Ní bhfuair SOLAS acmhainní ó idirbhearta neamh-mhalartaithe sa bhliain reatha.

Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach d'fhonn déileáil le nithe a mheastar a bheith bainteach le ráitis airgeadais SOLAS.

Bonn an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún leasaithe an chostais stairiúil agus le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 i bhfoirm faofa ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Seirbhísí Poiblí,

Athchóirithe agus Digitithe faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais trí úsáid a bhaint as modh fabhráithe na cuntasaíochta ach amháin mar a shonraítear thíos agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn ó thaobh ráitis airgeadais á n-ullmhú a thugann léargas fíor agus cothrom ná na cinn a fhoilsíonn Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus na cinn a eisiúnn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais.

De réir Chiorclán 21/2015 ón DPER a bhaineann le FRS 102, cuimsíonn na ráitis airgeadais seo an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus an Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus ar Chuntas Caipitil. Ina theannta sin, tá Nótaí 1 go 19 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Ullmhaítear ráitis airgeadais SOLAS de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhmithe agus d'údaraigh Bord SOLAS iad lena n-eisiúint ar an 23 Aibreán 2026.

Maoín, Gléasra & Trealamh

Caipitliú

Luaitear Maoín, Gléasra agus Trealamh ag costas stairiúil lúide dímheas carntha. Luaitear talamh ag an méid athluacháilte.

Tá costas sócmhainne comhdhéanta de phraghas ceannaigh na sócmhainne móide aon chostais atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt i riocht oibre dá húsáid bheartaithe.

Muirearaítear daingneáin agus feistis faoi bhun na tairisí caipitlithe ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain inar ceannaíodh iad. Is é an tairseach caipitlithe ná €1,000 agus gan CBL san áireamh. Déantar gach trealamh ríomhaireachta a chaipitliú beag beann ar luach.

Dímheas

Riomhtar dímheas chun costas bunaidh na sócmhainne nó an tsuim athluacháilte a dhíscríobh lúide an luach iarmharach measta ar bhonn an mhéid chothroim thar a saolré eacnamaíoch úsáideach mheasta mar a leanas:

- Talamh – Neamhni;
- Feabhsúcháin ar an Réadmhaoín ar Léas (thar théarma an léasa);
- Trealamh agus Troscán – 5 bliana (20%); agus
- Ríomhairí agus trealamh ríomhaireachta eile – 3 nó 5 bliana (33^{1/3}% nó 20%)

Ní dhéantar aon soláthar le haghaidh dímheasa maidir le talamh ruilse. Déantar dímheas ar shócmhainní caipitil a mheaitseáil le haistriú ón gCúlchiste Caipitil.

Déantar luach (tugtha) anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú le haghaidh bearnaithe má thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios nach bhféadfaí luach (tugtha) anonn a aisghabháil.

Cúlchiste Caipitil

Léiríonn an cúlchiste caipitil an méid glan a caitheadh ar shócmhainní inláimhsithe, arna mhaoiniú ag Deontais Státchiste. Déantar na deontais seo a amúchadh go hioncam thar shaolré ionchais na sócmhainní ar aon dul leis an dímheas, lagaithe sócmhainní inláimhsithe agus díscríobh sócmhainní inláimhsithe.

Airgead Tirim

Chun críche na ráiteas sreafa airgid, séard is brí le hairgead tirim ná airgead ar láimh agus taiscí inaisíoctha ar éileamh.

Infháltais

Taifeadtar Trádáil agus Infháltais eile ag praghas an idirbhirt. Aithnítear aon chaillteanais a eascraíonn as bearnú sa ráiteas ioncaim i gcostais riaracháin.

Billí Iníoctha

Taifeadtar Trádáil agus Billí Iníoctha eile ag praghas an idirbhirt. Aithnítear aon chaillteanais a eascraíonn as bearnú sa ráiteas ioncaim i gcostais riaracháin.

Cúlchiste Ioncaim

Léiríonn an Cúlchiste Ioncaim barrachas coinnithe de chuid SOLAS.

Soláthar

Aithnítear foráil sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag SOLAS agus gur dócha go mbeadh eis-sreabhadh de shochair eacnamaíocha de dhíth chun an dualgas a réiteach.

Ioncam

Maoiniú Stáit

Aithnítear deontais reatha ar bhonn airgead tirim faighte. Mar sin féin, coinníonn SOLAS barrachais a d'eascair i mblianta roimhe seo le cead na Máthairroinne. Mar thoradh air sin, cuireann an méid atá aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais san áireamh an méid airgid a fuarthas i ndáiríre agus barrachas coinnithe ón mbliain roimhe sin a faomhadh le scaoileadh ag an Máthair-roinn. Tá sé sin curtha in aghaidh na gcúlchistí sa ráiteas athruithe ar chúlchistí.

Tugtar cuntas ar dheontais chaipitiúla ar bhonn airgead tirim faighte agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim thar shaolré ionchais na sócmhainní ag teacht le dímheas agus díscríobh sócmhainní inláimhsithe.

Ioncam Eile

Go ginearálta, tugtar cuntas ar ioncam eile ar bhonn airgead tirim faighte ach amháin nuair a eisítear sonraisc. Sa chás seo, tugtar cuntas ar ioncam de réir mar a sonraíodh sa sonrasc.

Airgeadra Eachtrach agus Airgeadra Feidhmiúil

Cuirtear na míreanna atá san áireamh sna ráitis airgeadais i láthair in Euro, airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíocha ina n-oibríonn SOLAS (an “airgeadra feidhmiúil”).

Tá idirbhearta ainmnithe in airgeadra eachtrach le linn na tréimhse aistrithe ag an ráta malairte ar dháta an idirbhirt. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go Euro ag na rátaí malairte ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais. Déantar na brabúis nó caillteanais a d'eascair as a chioradh sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais.

Deontais

Maidir le deontais reatha agus chaipitiúla a íocadh le Boird Oideachais agus Oiliúna, Scoileanna Deonacha, Pobail agus Meánscoileanna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí éagsúla eile, tugtar cuntas orthu ar bhonn airgid más chun críocha Breisoideachas agus Oiliúna a bhí siad. Tá sé seo comhsheasmhach leis an gcaoi a dtugann SOLAS cuntas ar mhaoiniú Stáit.

Deontais Chaipitiúla chuig Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Cuirtear Deontais Chaipitiúla a eisíoctar chuig Boird Oideachais agus Oiliúna san áireamh sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais. Scaoiltear ioncam ón gCuntas Caipitil chun deontais dá leithéid a mhaoiniú.

Drochfhiacha

Nochtar féichiúnaithe ag méid bunaidh an tsonraisc lúide liúntas le haghaidh fiacha nach féidir a bhailiú seans. Tá soláthar faoi réir nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh SOLAS in ann na fiacha atá bainteach leis a bhailiú. Déantar drochfhiacha a dhíscríobh chuig an Ráiteas loncaim agus Caiteachais a luaithe agus a tugtar faoi deara iad.

Léasú

Gearrtar cíosanna maidir le léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais ar bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa. Ní raibh aon léasanna airgeadais i bhfeidhm. Baineann léasanna oibriúcháin le foirgnimh ina bhfuil SOLAS lonnaithe iontu.

Cásanna Dlí

Aithnítear costais dlíthiúla sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad. Tá soláthar faoi réir don mheastachán is fearr ag an mBord ar chostas aon tsocraithe nuair a mheastar gur dócha go dtarlóidh socraíocht sa chás agus gur féidir costas an tsocraithe a thomhas go hiontaofa.

Sochair scoir

Feidhmíonn SOLAS an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) arb í an scéim pinsin le sochar sainithe í do sheirbhísigh phoiblí atá in aois an phinsin arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe.

Lena chois sin, feidhmíonn SOLAS dhá scéim sochair scoir a cuireadh ar bun i bhfad siar mar seo a leanas:

- Scéim le sochar sainithe a thugann sochair scoir d'iarbhaill foirne AnCO. Dúnadh an scéim seo do chomhaltaí nua ar 1 Eanáir 1988. Ar 31 Nollaig 2009 aistríodh sócmhainní na scéime chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais (Foráil Ilghnéitheach) 2009. Íoctar ranníocaíochtaí ó SOLAS agus ó bhaill foirne sa scéim seo lenár máthair-Roinn gach bliain.

- Is scéim le sochar sainithe nach bhfuil maoinithe í a n-íoctar a sochair as an maoiniú a sholáthraíonn ár máthair-Roinn go bliantúil. Íoctar ranníocaíochtaí ó bhaill foirne sa scéim seo lenár máthair-Roinn gach bliain.

Léiríonn costais sochair scoir na sochair scoir a thuill fostaithe le linn na tréimhse sin.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar loncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú ar aon dul leis sa mhéid ar féidir a aisghabháil ónár máthair-Roinn.

Tá dliteanais sochair scoir mar ionadaí do luach reatha na n-íocaíochtaí sochair scoir amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Tá maoiniú sochair scoir atá curtha siar mar ionadaí don tsócmhainn cosúil leis atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Meastacháin Chuntasaíochta agus Breithiúnais

Agus ráiteas airgeadais á ullmhú, caithfidh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar chur i bhfeidhm beartas chomh maith leis na méideanna sócmhainní a thuairiscítear, dliteanas, ioncaim agus costais. Tá na meastacháin agus na toimhdí bainteach leo bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí éagsúla eile a chreidtear a bheith réasúnach faoi mar a sheasann cúrsaí ag aon am faoi leith, agus is iad na torthaí seo atá mar bhonn chun breithiúnais a dhéanamh ar luachanna (tugtha) anonn de shócmhainní agus dliteanas nach bhfuil soiléir ó fhoinsí eile. D'fhéadadh torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin.

Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar na meastacháin agus ar na toimhdí ar a bhfuil siad bunaithe. Déantar athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta a shainaithint le linn na tréimhse a ndéantar an meastachán a athbhreithniú, sa chás go mbíonn tionchar ag an athbhreithniú ar an tréimhse sin amháin, nó le linn na tréimhse athbhreithnithe agus na dtréimhsí amach anseo sa chás go mbíonn tionchar ag an athbhreithniú ar thréimhsí reatha agus amach anseo. I measc na réimsí ina bhfuil breithiúnais nó castacht nach beag i gceist, nó réimsí ina bhfuil toimhdí nó meastacháin suntasach do na ráitis airgeadais, tá:

Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar luach (tugtha) anonn de mhíreanna talún agus foirgneamh, trealaimh agus troscáin le haghaidh táscairí lagaithe ag gach dáta tuairiscithe agus tá siad faoi réir tástála lagaithe nuair a thugann imeachtaí nó cúinsí athraithe le fios gur seans nach féidir an luach tugtha anonn a aisghabháil.

Costais Shocair Scoir

Is achtúirí cáilithe a dhéanfaidh measúnú ar na dliteanais agus na costais bainteach leis na scéimeanna sochair scoir atá sainaitheanta mar leagáid (idir mhaoinithe agus neamh-mhaoinithe) agus is ar bhonn mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid a dhéantar iad a mheas agus trí thoimhdí achtúireacha bunaithe ar ionchais an mhargaidh ar an dáta tuairiscithe airgeadais a ríomhtar iad. Cinntear na rátaí lascaine a úsáidtear chun luachanna dliteanais na scéimeanna mar atá siad faoi láthair a shocrú trí thagairt a dhéanamh do thorthaí an mhargaidh ar an dáta tuairiscithe airgeadais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta airgeadra agus téarma atá

comhsheasmhach le hairgeadra agus téarma oibleagáidí an tsochair iarfhostaíochta a bhaineann leo.

Léirítear an glanbharrachas nó an t-easnamh a eascraíonn as na scéimeanna sochair scoir sainithe, mar aon leis na dliteanais a bhaineann leis na scéimeanna neamh-mhaoinithe, laistigh de shócmhainní neamhreacha nó de dhliteanais neamhreacha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Toimhdí

Déantar na toimhdí is bun leis na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí maidir le treochtaí sa chostas cúram sláinte) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus ar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha an tsochair scoir agus na bpleananna iar-scoir.

Seans go mbeidh na toimhdí seo curtha as a riocht ag:

- i. An ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta;
- ii. Leibhéil cúitimh amach anseo, coinníollacha an mhargaidh shaothair amach anseo; agus
- iii. Treochtaí sa chostas cúram sláinte, an ráta boilscithe costais leighis sna réigiúin ábhartha.

Tá na meán-thoimhdí achtúireacha ualaithe a cuireadh i bhfeidhm chun sochar scoir agus dliteanais iar-scoir eile a shocrú le fáil i Nóta 12. Cé go gcreideann an bhainistíocht

go bhfuil na toimhdí a úsáidtear oiriúnach, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag difríochtaí i dtaithe iarbhir nó athruithe ar thoimhdí ar na hoibleagáidí agus na costais a aithnítear i dtréimhsí cuntasaíochta amach anseo. D'fhéadfadh luaineacht shuntasach tréimhse ar thréimhse a bheith i gceist le sócmhainní agus dliteanais scéimeanna sochair scoir sainithe, a bhfuil athruithe ar thorthaí bannaí agus fad saoil mar bhunús léi. Le cois ranníocaíochtaí seirbhíse amach anseo, seans go n-éileoidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ranníocaíochtaí airgid nach beag chun easnaimh seirbhíse san am a chuaigh thart a leigheas.

> 2 Ioncam

	Nóta	2025	2024
		€'000	€'000
Maoiniú Stáit - Neamh-Chaipitiúil	4	1,172,350	1,117,975
Maoiniú Stáit i dtaca le Deontais Chaipitiúla BOO	7(a)	83,781	66,224
Maoiniú Sochair Scoir atá Curtha Siar	12(a)(iii)	(13,621)	(14,156)
Ioncam Eile	3	5,585	5,517
Amúchadh ar Dheontas Caipitil - Dímheas	5 & 8	234	319
Ioncam Iomlán		1,248,329	1,175,879

> 3 Ioncam eile

	2025	2024
	€'000	€'000
Gníomhaíochtaí Foirgníochta	5,563	5,466
Ioncam Ilghnéitheach	22	51
Iomlán	5,585	5,517

> 4 Maoiniú Stáit

	2025	2024
Fuarthas Maoiniú Stáit faoi na ceannteidil seo a leanas:	€'000	€'000
Neamh-Chaipitiúil		
Vóta 45 (Fo-Cheannteidil A3, A5 & A7) - an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta		
Riarachán agus Costais Ghinearálta		
Costais Foirne agus Forchostais (A3.1)	25,761	22,841

	2025	2024
Lúide: Ranníocaíochtaí shochair scoir ó fhostaithe íochta leis an Stáit	(915)	(906)
Lúide: Ranníocaíochtaí shochair scoir ó fhostóirí íochta leis an Stáit	(38)	(41)
	24,808	21,894
Cláir Oiliúna SOLAS (A3.1)	4,112	5,841
Deontais Pá Bhreisoideachais & Oiliúna (A5.1.1)	272,271	261,394
Deontais Neamh-Phá Bhreisoideachais & Oiliúna (A5.1.2)	213,936	212,437
Maoiniú Shochair Scoir (A7.1.1)	36,599	37,086
Vóta 45 san Iomlán - Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta	551,726	538,652
Oireachtas Eile		
An Ciste Náisiúnta Oiliúna †	620,174	579,073
Deontais Ghníomhaireachta Eile*	450	250
Maoiniú Stáit Iomlán - Neamh-Chaipitiúil #	1,172,350	1,117,975
Caipiteal		
Vóta 45 (Fo-Cheannteidil A3.1 & A5.1) - an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta	81,960	66,575
Deontais Chaipitil eile~	2,000	0
Maoiniú Stáit Iomlán - Caipitiúil	83,960	66,575
Maoiniú Stáit Iomlán	1,256,310	1,184,550

† Fuarthas suim de €620.174m (2024: €579.073m) i rith na bliana ón gCiste Náisiúnta Oiliúna. Úsáideadh na cistí seo chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar réimse de Chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna do dhaoine fostaithe agus do dhaoine dífhostaithe araon, lena n-áirítear an iar-Ardteistiméireacht (PLC), Printíseacht (lena n-áirítear an Oifig Náisiúnta Printíseachta); Forbairt Fostaithe, Oiliúint i Sainscileanna, Socrúchán Oibre, an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais agus an tAonad um Anailís ar Scileanna.

* Baineann Deontais Ghníomhaireachta Eile le cistí a fuarthas ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí don Chiste um Chomhoibriú agus Nuálaíocht Litearthachta d'Aosaigh. Fuarthas suim €0.250m in 2024, agus úsáideadh é sa bhliain reatha. Tá an t-iarmhéid €0.200m a fuarthas in 2025 le húsáid in 2026.

I gcomhréir le ciorclán 13/14 ón DPEIPSRD agus le cead ón Roinn, as na cúlchistí ioncaim carnacha atá ar fáil de €8.712m in 2024, coinníodh €8.688m de a cuireadh san áireamh in ioncam na bliana reatha mar chuid den deontas foriomlán atá dlite do SOLAS sa bhliain 2025.

~ Baineann Deontais Chaipitil Eile le cistí a fuarthas ó Fhiontraíocht Éireann i ndáil le ranníocaíocht maoinithe i dtreo thionscadal Pháirc Náisiúnta Taispeántais na Modhanna Nua-Aimseartha Tógála.

Mar chuid den mhaoiniú stáit tá réamhíocaíocht de mhaoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (ESF+).

> 5 Costais Phárolla, Costais Shochair Scoir agus Forchostais

	Nóta	2025	2024
		€'000	€'000
Iomlán na gCostas Párolla	11(a)	20,548	19,387
Iomlán na gCostas Sochair Scoir	12(a)(i)	19,820	19,630
Forchostais			
Taisteal & Cothú †		369	341
Oiliúint & Forbairt Foirne		680	447
Dímheas	8	234	319
Costais Theaghlachais		2,588	2,644
Costais Forbartha Cláir		365	339
Cumarsáidí		512	482
TFC		2,396	2,003
Árachas & Timpistí		209	222
Forchostais Eile ‡		1,235	1,113
Iomlán na bhForchostas		8,588	7,910
Iomlán gCostas Párolla, Sochair Scoir agus Forchostas		48,956	46,927
Táille an Ard-reachtaire Cuntas & Ciste ‡		57	55

† Cuimsíonn costais Thaisteal agus Chothaithe costais náisiúnta de €319k agus costais idirnáisiúnta de €22k.

‡ Cuimsítear Táille an Ard-reachtaire Cuntas & Ciste sna Forchostais Eile.

> 6 Costais na gClár

	Nóta	2025	2024
		€'000	€'000
eCollege		2,321	3,113
Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta		3,638	3,147
Oiliúint le haghaidh na Fostaíochta		5,959	6,260
Scileanna Domhanda Printiseachta	18	1,050	1,126
Oifig Náisiúnta Printiseachta	18	2,146	1,483
Tógáil		1,772	1,757
Oiliúint le linn na Fostaíochta		4,968	4,365
Coláiste FET na Todhchaí		45	197
Forbairt Fostaithe		840	894
Údarás Ceadúnúcháin agus Scileanna Glasa		229	549
Feachtas na gConairí/an CAO		477	277
Clár Inmheánach Printiseachta		79	92
Straitéis LAS		381	776
Cláir Eile		2,051	2,785
Costais Iomlán na gClár		12,978	13,410

> 7 Soláthar Díreach Maoinithe

7(a) Achoimre ar Dheontais Arna níoc le Boird Oideachais agus Oiliúna

			2025	2024
Bord Oideachais & Oiliúna	Soláthar FET	Caipiteal	Iomlán	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000
An Cabhán & Muineachán	37,745	3,469	41,214	37,669
Cathair Bhaile Átha Cliath	153,271	6,065	159,336	160,598
Corcaigh	101,585	9,681	111,266	97,736
Dún na nGall	35,327	3,699	39,026	34,420
Baile Átha Cliath & Dún Laoghaire	97,061	4,898	101,959	94,626
Gaillimh & Ros Comáin	67,316	4,458	71,774	64,718
Ciarraí	51,975	3,932	55,907	54,461
Cill Dara & Cill Mhantáin	39,904	4,334	44,238	40,134
Cill Chainnigh & Ceatharlach	32,616	2,985	35,601	37,301
Laois & Uíbh Fhailí	54,952	6,677	61,629	52,904
Luimneach & An Clár	91,079	9,758	100,837	98,257
Longfort & An Iarmhí	40,497	3,301	43,798	46,819
Lú & An Mhí	77,193	5,491	82,684	78,162
Maigh Eo, Sligeach & Liatroim	59,743	5,072	64,815	59,966
Tiobraid Árann	36,253	3,952	40,205	35,307
Port Láirge & Loch Garman	90,760	6,009	96,769	86,990
Iomlán na nDeontas do Bhoird Oideachais agus Oiliúna	1,067,277	83,781	1,151,058	1,080,068

